Tuarascáil Bhliantúil

2004



OPW

The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poibli

Clár na nÁbhar

Réamhrá an Aire Stáit 2

Réamhrá an Chathaoirligh 3

Athbhreithniú Straitéiseach 2004 6

- Cairt an Chustaiméara 15

Athbhreithniú Oibríochtaí 2004 20

- Seirbhísí Bainistíochta Maoine 21
- Bainistíocht Saoráidí 26
- Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal 31
- Seirbhísí Ailtireachta 40
- Seirbhísí Innealtóireachta 44
- An Áisíneacht Soláthairtí Rialtais 50
- Seirbhísí Oidhreachta 54
- Seirbhísí Corparáideacha 60
  - Aonad Theicneolaíocht na Faisnéise 61
  - An tAonad Oiliúna 63
  - Brainse na gCuntas 63
  - Seirbhís na Cuntasaíochta Bainistíochta 64
  - Iniúchadh Inmheánach 64
  - Grúpa Bainistíochta Ealaíne 64

Athbhreithniú Airgeadais 2004 66

- Maoiniú na gClár 69
- Seirbhísí Ailtireachta 70
- Iontaobhas Chaisleán Bhaile an Bharóidigh 71

Gradaim Oifig na nOibreacha Poiblí 2004 74

Ócáidí san Atrium Le Linn 2004 76

Foireann agus Pearsanra Sinsearach 78

- Oifigí Oifig na nOibreacha Poiblí ar fud na hÉireann 81

Crios Ard, Durrow Abbey,
An Príomhgharda, Cluain Meala
Carraig Phadraig

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Réamhrá an Aire Stáit

Bliain ghnóthach, rathúil eile ab ea an bhliain 2004 d'Oifig na nOibreacha Poiblí. Thosaigh an bhliain agus Éire arís i mbun Uachtaránachta an Aontais Eorpaigh ó Eanáir go Meitheamh. B'iontach an t-ualach oibre é seo d'Oifig na nOibreacha Poiblí nuair a smaoinítear ar a raibh de chuairteanna Stáit, de chruinnithe agus de chomhdhálacha i gceist. Tá bród orm a rá go ndearna Oifig na nOibreacha Poiblí obair shárchumasach i gcaitheamh na tréimhse seo agus ní mór creidiúint ar leith a thabhairt dár bhfoireann a bhí i mbun Bainistíochta Saoráidí as dul i ngleic leis na dúshláin.

Tá an próiseas díláraithe a d'fhógair an tAire Charlie McCreevy i 2003 faoi lán seoil agus táthar i mbun suíomh a roghnú. Thángthas ar chomhaontú faoi roinnt cheannach mhaith maoine i rith na bliana 2004 agus leanann Seirbhísí Bainistíochta Maoine den dul chun cinn mór atá fúthu i seachadadh an chláir seo taobh istigh den fhráma ama atá leagtha amach. Ghlac Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal páirt i bhfeidhmiú céimneach an chláir i 2004 de réir mar a bhí na hoifigí nua á bhfeiceáil á dtógáil. Leantar de dhiúscairt fharasbarr sócmhainní an Stáit mar fhritháireamh in aghaidh ardchostas an phróisis seo agus d'éirigh le hOifig na nOibreacha Poiblí ioncam sách suntasach a thabhairt isteach sa bhliain 2004 trí athrú leanúnach ar phunann maoine an Stáit. Creidim go gcuirfidh Dílárú státseirbhíseach ó Bhaile Átha Cliath chuig 53 ionad thart timpeall na tíre go mór le geilleagair áitiúla agus go gcuirfidh sé le caighdeán saoil roinnt mhaith daoine.

I Meán Fómhair 2004 ghlac an Rialtas le moltaí na tuarascála a bhí curtha le chéile ag grúpa idir-Rannach a bunaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí náisiúnta tuilte. Mhol an Grúpa gurbh í Oifig na nOibreacha Poiblí ceannródaí an Stáit sa réimse seo agus go leagfaí de chúram uirthi clár ilghnéitheach a sheachadadh a mbeadh sé d'aidhm aige baol agus tionchar tuilte a mhaolú sa todhchaí.

De réir mar a leathnaítear réimse agus éagsúlacht na bhfeidhmeanna agus na bhfreagrachtaí atá faoi shainchúram Oifig na nOibreacha Poiblí in imeacht gach bliana ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don fhoire-ann go léir in Oifig na nOibreacha Poiblí as an gcaoi ar thugadar le dílseacht, gairmiúlacht agus dúthracht gan staonadh faoi na dúshláin iomadúla a bhí rompu sa bhliain 2004. Cuireann sé gliondar orm freisin fáilte ar ais chuig Oifig na nOibreacha Poiblí a chur roimh fheidhm na hOidhreachta Tógtha agus táim ag tnúth le soláthar seirbhíse d'ardchaighdeán sa réimse seo sna blianta atá romhainn amach. Bhí cruthúnas eile ann sa bhliain 2004 a léirigh tiomantas Oifig na nOibreacha Poiblí do chaighdeán barr feabhais nuair a bhain Seirbhísí Meicniúla agus Leictreachais creidiúnú I.S. EN ISO 9001:2000 amach i mí Lúnasa 2004.

Ó thaobh na foirne de chuaigh duine de na baill Oifige ba mhó taithí agus ba mhó measa amach ar phinsean i 2004. Chaith Micheál Ó Dochartaigh go dúthrachtach cumasach le hOifig na nOibreacha Poiblí mar Phríomh-Ailtire le blianta fada agus ba mhaith liom saol sona fada a ghuí air agus é ar scor. Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin chun comhghairdeachas a dhéanamh le Pat Cooney, an té atá chun a bhróga a líonadh, agus fáilte a chur roimhe sa phost agus táim ag tnúth leis na dúshláin iomadúla a bheidh amach romhainn beirt in éineacht sna blianta seo romhainn. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a chur in iúl do na baill eile foirne a chuaigh amach ar phinsean i rith na bliana 2004.

Tom Parlon, TD

Aire Stáit sa Roinn Airgeadais
agus freagracht ar leith aige as Oifig na nOibreacha Poiblí

Réamhrá an Chathaoirligh

B'iomaí dúshlán agus b'iomaí éileamh a thug an bhliain 2004 léi d'Oifig na nOibreacha Poiblí.

Aistríodh Bainistíocht ár nOidhreacht Tógtha ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chuig Oifig na nOibreacha Poiblí. Chuaigh asamhlú breis is 1,200 de bhaill foirne i gcion ar gach réimse, beagnach d' Oifig na nOibreacha Poiblí ach go háirithe ar Rannóg na nAcmhainní Daonna agus Rannóg na gCuntas. Is iontach an teist ar na daoine a bhí i gceist a éasca is a tharla an t-athrú sin.

Tharla dul chun cinn suntasach sa bhliain 2004 ó thaobh fheidhmiú chinneadh an Rialtais ar Dhílárú. Tá na scálaí ama dian ó thaobh ceannach suíomh agus soláthar tionscadal de, araon, ach thaispeáineamar in imeacht na bliana go bhfuilimid réidh agus ábalta aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an Díláraithe. Tá réiteach ar chúrsaí maoine imithe chun cinn go mór agus táimid ag tnúth le roinnt mhaith tionscadal a bheith tosaithe i 2005.

Forbairt thábhachtach shonrach ab ea feidhmiú an Chairt Seirbhíse don Chustaiméir i 2004 agus tá dul chun cinn maith ag tarlú i gcónaí i réimse na gCóras Bainistíochta Feidhmiúcháin agus Forbartha. Is príomhghnéithe sa straitéis ginearálta atá againn a bheith dírithe ar chúram don chustaiméir agus ar fhorbairt foirne d'fhonn a chinntiú go bhfeicfí gur soláthróir d'ardcháilíocht í Oifig na nOibreacha Poiblí sa mhéid a bhaineann le réitigh éifeachtúla costais i réimsí na maoine, na dtionscadal, an tsoláthair agus na hoidhreachta.

Forbairt shuntasach eile don bhliain 2004 ab ea cead an Rialtais i ndáil le foilsiú Thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Pholasaí Tuilte agus le feidhmiú na moltaí a rinneadh inti. Tá impleachtaí ollmhóra ag gabháil leis an gcinneadh an phríomhpháirt i mBainistíocht an Bhaoil Tuilte a thabhairt d'Oifig na nOibreacha Poiblí sa mhéid a bhaineann lenár bhfreagrachtaí sa réimse seo de. Cuirfidh sé deiseanna agus dúshláin thábhachtacha os ár gcomhair sna blianta atá romhainn.

Ar deireadh, is mian liom aitheantas agus moladh faoi leith a thabhairt don fhoireann go léir in Oifig na nOibreacha Poiblí a bhí rannpháirteach in Uachtaránacht na hÉireann ar an A.E. Chomhlíonadar a ndualgais faoi mhórghradam agus thuilleadar mórmheas don eagraíocht.

Tríd is tríd féadfaimid súil siar a chaitheamh ar ar bhaineamar amach sa bhliain 2004 agus bród a bheith orainn gan chás gan náire.

Sean Benton

Cathaoirleach
Oifig na nOibreacha Poiblí

An Príomhgharda,
Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann

Coiste Comhairleach Bainistíochta

Séan Benton
An Cathaoirleach

David Byers
An Coimisinéir

Clare McGrath
An Coimisinéir

Patrick Cooney
Stiúrthóir Seirbhísí Ailtireachta

Tony Smyth
Stiúrthóir Seirbhísí Innealtóireachta
An Príomh-Innealtóir

Vincent Campbell
Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Athbhreithniú Straitéiseach 2004

Ceannceathrú an OPW,
51 Faiche Stiofán

Teach an Chogaidh 1848,
Baile an Gharraí,
Co. Tiobraid Árann,

Caisleán Bhaile Átha Cliath.

Athbhreithniú Straitéiseach 2004

Ráiteas Straitéise

Déanann an tAthbhreithniú seo measúnú ar an bhforás a tharla laistigh d'Oifig na nOibreacha Poiblí i bhfianaise na spriocanna straitéiseacha i rith na bliana 2004 faoi na ceannteidil leithne a aimsíodh sa Ráiteas Straitéise ba dhéanaí (2003 – 2005).

Déantar measúnú ar leith ar An tSeirbhís Oidhreachta i bhfianaise na spriocanna ábhartha atá leagtha síos i Ráiteas Straitéise na Roinne Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil 2003 – 2005.

PRÍOMHCHUSPÓIR	DUL CHUN CINN I 2004	TÁSCAIRE FEIDHMIÚCHÁIN	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
CUSPÓIRÍ CEANGAILTE LE TIONSCADAIL (UIMH. 1, 8 & 9)			
1. An Clár Oibre Bliantúil a chur i bhFeidhm	Clár Oibre: Bhain na cláir oibre an sprioc amach faoi dheireadh na bliana agus beagnach 99.2 % de leithdháileadh na Vótála caite. Bhí na mórthionscadail agus na cláir go léir a raibh dáta iarchríochnúcháin 2004 leo de réir mar a bhí beartaithe faoi dheireadh bliana.	• Aschur Airgeadais • Tiomantais chonarthacha • Meastóireachtaí Ginearálta ar dhul chun cinn ag Cinn na nAonad Gnó.	Clár Oibre: Taispeánann athbhreithniú deireadh bliana an Phlean Ghnó go ndeachaigh na beartais a rianaíodh i dtús na bliana chun cinn tríd is tríd de réir mar a bhí beartaithe. Tháinig méadú suntasach gan choinne ar an ualach oibre i rith na bliana 2004 de bharr an Chláir Díláraithe – sna réimsí seo go príomha: Bainistiú Maoine, Seirbhísí Ailtireachta agus Bainistiú Tionscadal.
PRÍOMHCHUSPÓIR	DUL CHUN CINN I 2004	TÁSCAIRE FEIDHMIÚCHÁIN	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
CUSPÓIRÍ SHEIRBHÍS AN CHUSTAIMÉARA (UIMH. 2 & 3)			
2. Seirbhís an Chustaiméara a sholáthar go pointeáilte agus go seasmhach	Creidiúnú ISO: Choinnigh gach Aonad Gnó a raibh creidiúnú ISO bainte amach aige an caighdeán i rith 2004: • Seirbhísí Ailtireachta • Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal • Seirbhísí Innealtóireachta - Hidreolaíocht & Hidriméadrach - Innealtóireacht Struchtúrach - Innealtóireacht Struchtúrach Cothabháil ar Dhraenáil Artaireach - Rannóg an Dearaidh	• Athbhreithniú seachtrach (NSAI) • Gradam do Chreidiúnú seachtrach.	Creidiúnú ISO: Tá an creidiúnú ISO á choinneáil. Tá dhá Aonad Ghnó fágtha a bhfuil an creidiúnú le baint amach acu. • Cothabháil Maoine • Áisíneacht Soláthairtí Rialtais Tá an dá aonad gníomhach i mbun oibre air seo agus 2005 mar sprioc acu chun an caighdeán a bhaint amach.

PRÍOMHCHUSPÓIR	DUL CHUN CINN I 2004	TÁSCAIRE FEIDHMIÚCHÁIN	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
	• Seirbhísí Bainistíochta Maoine Ina theannta sin, d'éirigh le Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal a gcreidiúnú a thabhairt cothrom le dáta go leibhéal creidiúnaithe ISO 9001/2000.		
	Plean Gnímh Sheirbhís an Chustaiméara: Foilsíodh Plean Gnímh Sheirbhís an Chustaiméara 2004 – 2007 agus Cairt Sheirbhís an Chustaiméara Oifig na nOibreacha Poiblí sa dara leath de 2004.	• Foilseachán (páipéar agus Gréasán).	Plean Gnímh Sheirbhís an Chustaiméara: Dhear an Líonra QCS Cairt Sheirbhís an Chustaiméara nua chun caighdeáin seirbhíse Oifig na nOibreacha Poiblí a leagan amach go poiblí. Rinneadh athbhreithniú ar Phlean Gnímh Sheirbhís an Chustaiméara ina dhiaidh sin chun comhsheasmhacht a chinntiú agus foilsíodh an dá dhoiciméad i Lúnasa na bliana 2004. Beidh ról ag Líonra QCS i dtaca le tomhas an dul chun cinn i bhfianaise an Phlean nua, go háirithe i ndáil le cur chuige comhordaithe a fhorbairt maidir le Suirbhéireacht Chustaiméirí (féach Príomhchuspóir uimh. 4 thíos).
PRÍOMHCHUSPÓIR	DUL CHUN CINN I 2004	TÁSCAIRE FEIDHMIÚCHÁIN	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
CUSPÓIRÍ SHEIRBHÍS AN CHUSTAIMÉARA (UIMH. 2 & 3)			
3. Aird faoi leith a dhíriú ar leibhéil shainithe seirbhíse a bhaint amach do chustaiméirí indibhidiúla	Socruithe Leibhéil Seirbhíse: Tá roinnt áirithe Socruithe Leibhéil Seirbhíse déanta cheana: Seachtrach: • Leis na Coimisinéirí Ioncaim i gcomhair Seirbhísí Bainistíochta Maoine • Le Músaem Nua-ealaíne na hÉireann, An tOspidéal Ríoga, Cill Mhaighneann i gcomhair Seirbhísí Bainistíochta Maoine. Inmheánach: • Le Seirbhísí Bainistíochta Maoine i gcomhair Seirbhísí Innealtóireachta. (Struchtúir) Bhí socrú eile á phlé (le Bainistiú Tionscadal i gcomhair seirbhísi éagsúla innealtóireachta) i gcaitheamh na bliana agus tabharfar chun críche é sa bhliain 2005.	• Socruithe Leibhéil Seirbhíse.	Socruithe Leibhéil Seirbhíse: Cé go bhfuiltear tar éis roinnt áirithe de Shocruithe Leibhéil Seirbhíse reatha a chur i bhfeidhm níl an líon mar a bhíothas ag tnúth leis sa Ráiteas Straitéise curtha i gcrích go hiomlán go fóill sa dá bhliain de thréimhse na Straitéise. Leanfar den obair ullmhúcháin i dtaca le Socruithe Leibhéil Seirbhíse eile a réiteach le Custaiméirí roghnaithe.

PRÍOMHCHUSPÓIR	DUL CHUN CINN I 2004	TÁSCAIRE FEIDHMIÚCHÁIN	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
CUSPÓIRÍ A BHAINEANN LE MEASTÓIREACHT AR FHEIDHMIÚCHÁN			
4. A bheith rannpháirteach go leanúnach i bpróiseas a thomhaiseann fheidhmiúchán i bhfianaise eagraíochtaí eile dá leithéid	Cuntais Ghnó: Táthar ag leanúint den aisghabháil sonraí chun cuntais sa stíl tráchtála a chur ar fáil sna Seirbhísí Ailtireachta agus sna Seirbhísí Innealtóireachta. Cuireann an Áisíneacht Soláthairtí Rialtais freisin cuntais ar fáil i ndáil le Foilseacháin agus leis an Iris Oifigiúil	• Cuntais do dheireadh bliana	Cuntais Ghnó: Coinnítear cuntais ar bhonn stíl tráchtála bunaithe ar Aonad Gnó iomlán laistigh de na Seirbhísí Ailtireachta agus Innealtóireachta. Ullmhaítear cuntais a chlúdaíonn gnéithe discréideacha a bhaineann le roinnt eile gníomhaíochtaí an Aonaid Ghnó agus tá siad úsáideach sa chomhthéacs teoranta sin.
	Cleachtaí Tagarmharcála: Cleachtaí a rinneadh sna hAonaid Ghnó: • Seirbhísí Ailtireachta. • Seirbhísí Innealtóireachta.	• Cuntais do dheireadh bliana & anailís ar chomparáideoirí seachtracha.	Cleachtaí Tagarmharcála: Baintear úsáid as cuntais stíl tráchtála na Seirbhísí Ailtireachta & Innealtóireachta chun éifeachtúlacht chostais a léiriú i gcomparáid le comparáideoirí seachtracha. Cuireadh cleachtaí úsáideacha aon uaire i gcrích freisin i réimsí éagsúla áitiúla san Oifig. Tosaíodh ag obair sa bhliain 2004 ar mholtaí a fhorbairt i ndáil le cleachtaí tagarmharcála amach anseo le Roinn Comhshaoil Thuaisceart Éireann i gcomhair Seirbhísí Gairmiúla; Bainistiú Tionscadal; Bainistiú Maoine agus Cothabháil Maoine.
	Suirbhéanna ar Chustaiméirí: Déantar Suirbhéanna ar Chustaiméirí mar chuid de riachtanais chreidiúnaithe an ISO.	• Paper surveys Direct Interviews	Suirbhéanna ar Chustaiméirí: Déantar Suirbhéanna ar Chustaiméirí go háitiúil laistigh d'Aonaid Ghnó chun cloí le nósanna imeachta an ISO. Chuir an Oifig CP agus Líonra QCS tús le suirbhé lárnaithe ar Chustaiméirí, ag tarraingt ar dheireadh na bliana 2004, bunaithe ar shampla ionadaíoch den bhunachar custaiméirí. Déanfar a thuilleadh forbartha air seo i 2005 agus ina dhiaidh sin. (féach Príomhchuspóir Uimh. 2 thuas).

PRÍOMHCHUSPÓIR	DUL CHUN CINN I 2004	TÁSCAIRE FEIDHMIÚCHÁIN	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
TUAIRISCIÚ AR CHUSPÓIRÍ CORPARÁIDEACHA			
5. Socruithe éifeachtacha ar thuairisciú corparáideach a fhorbairt ionas go mbeadh tionchar acu ar bhealach ciallmhar d'fhonn na Spriocanna Straitéiseacha	Frámaíocht Bhainistíocht na Faisnéise: Cuireadh amach tairiscintí i lár 2004 don Chóras nua Bainistíochta Airgeadais – príomh-chomhpháirt d'Fhrámaíocht Bhainistíocht na Faisnéise. Bhí meastóireacht á déanamh ar na tairiscintí seo ag deireadh bliana le súil an obair a ligean amach ar chonradh go luath i 2005.	• Riachtanais tuairiscithe na Roinne Airgeadais. • Tairiscintí a chur amach.	Frámaíocht Bhainistíocht na Faisnéise: Leanadh den dul chun cinn ar thionscnaimh Fhrámaíocht Bhainistíocht na Faisnéise in Oifig na nOibreacha Poiblí i rith 2004. Is deireanach sa bhliain 2005 an sprioc chun ligean amach an chonartha don Chóras nua Bainistíochta Airgeadais, a chur i gcrích.
	Tionscadail / tionscnaimh i dTeicneolaíocht na Faisnéise & na Cumarsáide: Is iad seo na tionscadail reatha atá faoi chaibidil: • Peoplesoft (Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna.) • Córas Clárlainne; • Córas Infheictheachta ar Chothabháil Maoine • Córas Bainistíochta Airgeadais • Infreastruchtúir don tSeirbhís Oidhreachta • Mapáil ionaid i mBaol Tuilte	• Tionscadail shainiúla.	Tionscadail / tionscnaimh i dTeicneolaíocht na Faisnéise & na Cumarsáide Tá ról suntasach mar chruthaitheoir tionscadal, dírithe ar ghnó lánpháirtithe, forbartha ag Grúpa Úsáideoirí Theicneolaíocht na Faisnéise. San áireamh ar na príomhthionscadail reatha tá an Córas nua Bainistíochta Acmhainní Daonna (Peoplesoft), agus an Córas nua Bainistíochta Airgeadais agus is iad seo na tosaíochtaí don bhliain 2005. Críochnófar tionscadail ar mhapáil na mBaol Tuilte agus ar infreastruchtúr na Seirbhíse Oidhreachta go luath sa bhliain 2005.
PRÍOMHCHUSPÓIR	DUL CHUN CINN I 2004	TÁSCAIRE FEIDHMIÚCHÁIN	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
CUSPÓIR A BHAINEANN LE HATHRÚ I MBAINISTÍOCHT NA NACMHAINNÍ DAONNA			
6. Feidhm na nAcmhainní Daonna a thabhairt cothrom le dáta chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais na Lár-Ionad Gnó agus na foirne in Oifig na nOibreacha Poiblí	Straitéis Bainistíochta na nAcmhainní Daonna: • I rith na bliana 2004 leanadh de bheith ag obair ar chruthú Straitéis nua Bainistíochta do na hAcmhainní Daonna agus na tosca nua de bharr fhilleadh na Seirbhísí Oidhreachta agus thionscnamh an Díláraithe á gcur san áireamh.	• Dréachtstraitéis	Straitéis Bainistíochta na nAcmhainní Daonna: Cuireadh as don tionscadal seo go luath sa bhliain 2004 mar gurbh éigean díriú ar lánpháirtiú na Seirbhísí Oidhreachta agus Dílárú Oifig na nOibreacha Poiblí. Bhíothas tar éis tosú ar an obair arís faoi dheireadh na bliana, áfach, agus an fócas dírithe ar an Straitéis a bheith críochnaithe go hiomlán i 2005. Bainfidh saincheisteanna lena cur i bhfeidhm mar go mbeidh clár ama an Dílárithe le cur san áireamh.

PRÍOMHCHUSPÓIR	DUL CHUN CINN I 2004	TÁSCAIRE FEIDHMIÚCHÁIN	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
	Lámhleabhar an Phróisis i gcomhair fheidhm na nAcmhainní Daonna: Criochnaíodh cuid ollmhór den obair seo i rith 2004. Beidh a bhfuil fágtha (thart ar 10 - 15%) críochnaithe go luath i 2005.	• Lámhleabhar an Phróisis.	Lámhleabhar an Phróisis i gcomhair fheidhm na nAcmhainní Daonna: Tacóidh tionscadal mapála Bhainistíocht na nAcmhainní Daonna le haistriú éifeachtach fheidhmeanna bainistíochta na pearsanra i gcomhthéacs thionscadal an Díláraithe agus cineachaidh feidhmeanna áirithe a bhaineann le Bainistíocht na nAcmhainní Daonna chuig Bainistíocht Líne.
PRÍOMHCHUSPÓIR	DUL CHUN CINN I 2004	TÁSCAIRE FEIDHMIÚCHÁIN	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
CUSPÓIR A BHAINEANN LE HATHCHÓIRIÚ RIALACHÁN			
7. Dul i ngleic leis an tsaincheist faoi athchóiriú rialachán d'fhonn a chinntiú go gcoimeádann Oifig na nOibreacha Poiblí a cumas gníomhú ar pholasaí Rialtais i gcomhshaol atá ag athrú	Saincheisteanna i dtaobh Athchóiriú Rialachán: Meabhraíodh saincheisteanna a bhain le cumhachtaí na gCoimisinéirí & fuarthas comhairlí dlí. Níl aon ghníomh eile á bheartú faoi láthair. Tá Oifig an Ard-Aighne ag iniúchadh na saincheisteanna níos leithne a bhaineann le hathchóiriú rialachán faoi láthair.	• Cinntí An Choiste Chomhairligh Bainistíochta	Saincheisteanna i dtaobh Athchóiriú Rialachán: B'fhéidir go gcuirfí moltaí sainiúla i ndáil le hathchóiriú reachtach chun cinn maidir le réimse amháin ina mbeadh tionchar criticiúil ag an reachtaíocht ar an oibriúchán (.i.e: bainistiú baol tuilte), (féach Príomhchuspóir Uimh. 9 thíos). Neamhspleách air sin, beidh comhordú ar siúl idir Seirbhísí Corparáideacha agus Oifig an Ard-Aighne, ar leithligh, i ndáil le hionchur ina dtionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Leabhar Reachtanna iomlán. D'fhéadfadh go n-aimseodh an próiseas seo roinnt féidearthachtaí maidir le haisghairm agus/nó comhdhlúthú reachtaíochta maidir leis An Leabhar Reachtanna mar a bhainfeadh le hOifig na nOibreacha Poiblí.

PRÍOMHCHUSPÓIR	DUL CHUN CINN I 2004	TÁSCAIRE FEIDHMIÚCHÁIN	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
CUSPÓIRÍ A BHAINEANN LE TIONSCADAL (UIMH. 1, 8 & 9)			
8. Níos mó éifeachtúlachta a bhaint amach san úsáid a bhaintear as sócmhainní maoine	Athbhreithniú na punainne: Tá bearta sainiúla curtha i bhfeidhm i dtaca le roinnt áirithe saincheisteanna: • Moladh curtha ar aghaidh ag an Roinn Comhshaoil & Rialtais Áitiúil go dtógfaí tithíocht shóisialta agus inacmhainne ar láithreáin atá faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí • Bainistiú phunainne Shócmhainní na nGardaí. • Forbairtí i stíl tráchtála ar líon áirithe de láithreáin • Seirbhísí Leanaí (Áiseanna naíonlainne) • Tionscadail teileachumarsáide • Cur de láimh Maoine.	• Forbairtí i dTithíocht Phoiblí. • Moltaí faoi Athfhorbairt / Cur de láimh. • Iarratas pleanála • Seirbhísí Leanaí • Díolachán Maoine	Athbhreithniú na punainne: Tá líon áirithe de mholtaí neamhspleácha aimsithe sna réimsí: tithíocht shóisialta, áiseanna na nGardaí, forbairtí sa stíl tráchtála, seirbhísí leanaí agus tionscadail a bhaineann leis an teileachumarsáid. Tá na tionscnaimh neamhspleácha seo á bhforbairt go forghníomhach trí Sheirbhísí Bainstíochta Maoine Oifig na nOibreacha Poiblí, le tacaíocht ó na Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal. Tá cuntas ar leith ar na tionscadail ollmhóra ar tugadh fúthu le fáil san imleabhar seo.

PRÍOMHCHUSPÓIR	DUL CHUN CINN I 2004	TÁSCAIRE FEIDHMIÚCHÁIN	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
CUSPÓIRÍ A BHAINEANN LE TIONSCADAL (UIMH. 1, 8 & 9)			
9. Dul i ngleic le fadhbanna ag éirí as réimse a bhaineann le tuilte	Athbhreithniú ar Pholasaí Tuilte: Tar éis phróiseas an athbhreithnithe fhoirmiúil i gcaitheamh na bliana 2003 bheartaigh an Rialtas brú chun cinn le príomh-mholtaí an Athbhreithnithe.	• Moltaí chuig an Rialtas.	Athbhreithniú ar Pholasaí Tuilte: Tá an sprioc, an Straitéis a sheachadadh, sroichte. D'fhéadfadh go dteastódh a thuilleadh reachtaíochta. Tá seo á mheas faoi láthair.

Seirbhísí Oidhreachta

Is iad seo a leanas na Straitéisí agus na Príomhtháscairí Feidhmiúcháin a bhaineann leis na gnéithe úd den tSeirbhís Oidhreachta a d'aistrigh ó Oifig na nOibreacha Poiblí sa bhliain 2004*:

PRÍOMHSTRAITÉISÍ	PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMIÚCHÁIN
Maoin Stáit a chaomhnú, a bhainistú agus a chur i láthair ar an gcaighdeán is airde mar mhúnlaí barr feabhais i gcaomhnú na hoidhreachta tógtha agus nádúrtha.	• Líon cuairteoirí ardaithe agus sásamh cuairteoirí feabhsaithe ag láithreacha oidhreachta. • Dul chun cinn déanta glacadh le pleananna bainistíochta do láithreacha roghnaithe. • Monatóireacht déanta ar stádas caomhnaithe láithreacha oidhreachta. • Caomhnú éifeachtach feidhmiúil déanta ar phunann mhaoine na Roinne.

** Sliocht as Ráiteas Straitéise na Roinne Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil 2003 – 2005. (Fanann an chuid eile de na spriocanna straitéise atá istigh sa doiciméad seo ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a bhfuil freagracht as saincheisteanna polasaí a bhaineann le hOidhreacht coinnithe aici.)*

Seo a leanas mar a bhí an forás a tharla i gcaitheamh na bliana 2004:

PRÍOMHCHUSPÓIR	DUL CHUN CINN I 2004	TÁSCAIRE FEIDHMIÚCHÁIN	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
Maoine Stáit a chaomhnú, a bhainistiú agus a chur i láthair ar an gcaighdeán is airde mar mhúnlaí barr feabhais i gcaomhnú na hoidhreachta tógtha agus nádúrtha.	An tSeirbhís Oidhreachta: Leanadh den obair ar chaomhnú, ar bhainistiú agus ar chur i láthair raon leathan de láithreacha ar fud na tíre ar feadh na bliana. Tá mionsonraí na dtionscadal seo ar fáil in áiteanna eile san imleabhar seo.	Líon cuairteoirí ardaithe agus sásamh cuairteoirí feabhsaithe ag láithreacha oidhreachta.	An tSeirbhís Oidhreachta: Léiríonn tuairiscí ar chuairteoirí don bhliain 2004 gur tháinig ardú tríd is tríd ar líon na gcuairteoirí Rinneadh suirbhéanna cáilíochta intí agus rinne bainistíocht na Seirbhísí Cuairteoirí monatóireacht ar leabhair thráchtaireachta láithreacha chun saincheisteanna a aimsiú agus measúnú a dhéanamh ar aiseolas ó chuairteoirí i rith shéasúr na bliana 2004. Rinne comhairleoireacht sheachtrach iniúchadh ar shuímh náisiúnta áirithe i rith 2004 chun rogha na gcuairteoirí a mheas agus chun saincheisteanna ginearálta a bhain le cuairteoirí a aithint.

PRÍOMHCHUSPÓIR	DUL CHUN CINN I 2004	TÁSCAIRE FEIDHMIÚCHÁIN	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
		Dul chun cinn déanta glacadh le pleananna bainistíochta do láithreacha roghnaithe.	Rinneadh coimisiúnú ar Phleananna Bainistíochta i ndáil le líon áirithe de láithreacha na Séadchomharthaí Náisiúnta.
		Monatóireacht déanta ar stádas caomhnaithe láithreacha oidhreachta.	(Baineann seo leis an gcúram a tugadh ar an láthair, do na láithreacha oidhreachta agus ní bhaineann sé le pleanáil sa chomhthéacs is leithne; choinnigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an fheidhm sin.) Leanadh de riar chaomhnú na láithreacha oidhreachta sa mhéid a bhain le láithreacha faoi úinéireacht an Stáit agus láithreacha atá faoi chúram an Stáit, araon (thart ar 740); baineadh úsáid as meascán de bhainistíocht dhíreach ar an láthair agus "cianbhainistíocht" trí líonra lostaí na Séadchomharthaí Náisiúnta ar fud na tíre.
		Caomhnú éifeachtach feidhmiúil déanta ar phunann mhaoine na Roinne.	(Baineann seo le gnéithe tógtha phunann na maoine amháin – fanann maoin na bPáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.) Leanadh d'fheidhmiú rathúil na punainne tógtha, agus leagadh béim láidir ar thaobh an turasóra, an chuairteora agus an oideachais maidir leis an maoin a bhí i gceist.

Ráiteas Straitéise 2005 – 2008

Arna cheapadh d'Aire nua Airgeadais i Meán Fómhair na bliana 2004 éilítear ar Oifig na nOibreacha Poiblí faoi réir théarmaí an Achta um Bhainistiú Seirbhísí Poiblí 1997, Alt 4, (1) Fo-alt (b) (ii), Ráiteas Straitéise nua a sholáthar don tréimhse 2005 – 2008.

Cuireadh tús leis an obair seo go deireanach sa bhliain 2004 agus faoi dheireadh na bliana bhíothas ag staid go raibh Dréachtráiteas ionann is críochnaithe. Foilseofar an Ráiteas nua, go foirmiúil go luath sa bhliain 2005, ach faomhadh an Aire agus an Taoisigh a bheith aige.

Cairt Chustaiméirí, Oifig na nOibreacha Poiblí

Is eagraíocht seirbhísí í Oifig na nOibreacha Poiblí ar dtús báire. Is é an t-éiteas atá aici ná díriú ar an gcliant, seachadadh a dhéanamh in am agus luach ar airgead a thabhairt. Comhlíonann seacht cinn d'Aonaid Ghnó oibríochtaí Oifig na nOibreacha Poiblí:

- Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal.
- Seirbhísí Bainistíochta Maoine.
- Seirbhísí Cothabhála Maoine.
- Seirbhísí Ailtireachta.
- Seirbhísí Innealtóireachta.
- Gníomhaireacht Soláthairtí Rialtais.
- Seirbhísí Oidhreachta.

Ráiteas Misin

Seachadadh a dhéanamh in am agus laistigh de bhuiséad, i dtacaíocht le Polasaithe Rialtais, ar sheirbhísí ardchaighdeáin i maoin, dearadh, tógáil agus fáil. Tá an Oifig na nOibreacha Poiblí tiomanta seirbhísí den scoth a sholáthar duitse, ár gcustaiméir. Leagann an Chairt seo amach caighdeán na seirbhísí a bhféadfaidh tusa a bheith ag súil leis. Ba chóir é a léamh le haird ar ár bPlean Gníomhaíochta Seirbhísí Custaiméirí a thugann cuntas ar ár gcur chuige maidir le pleanáil chun seirbhísí maithe custaiméirí a sholáthar bunaithe ar na 12 Prionsabal Seirbhísí ar mhaithe le Seirbhísí Custaiméirí Ardchaighdeáin.

Caighdeáin Seirbhísí Custaiméirí Oifig na nOibreacha Poiblí

Rinneamar rangú ar ár gCaighdeáin Seirbhísí faoi 5 théama leathana:

1. Freagra Ginearálta;
2. Eolas;
3. Comhionannas;
4. Seachadadh Misin;
5. Gearáin agus Achomhraic.

Freagra Ginearálta

Tá sé d'aidhm againn seirbhísí a sheachadadh go leanúnach ag amanna agus ionaid a oireann dár gcustaiméirí.

Fiosruithe ar an Teileafón

- Beimid ar fáil chun freagra a thabhairt ar fhiosruithe teileafóin le linn gnáthuaire oifige (9.15 am-1.00 pm and 2.15 pm-5.30 pm Luan-Aoine [5.15 pm Aoine])*
- Mura bhfuil daoine ar leith den fhoireann ar fáil chun labhairt leat nuair a ghlaonn tú cinnteoimid go dtabharfar gach cabhair duit.

** D'fhéadfadh nach mbeadh roinnt oifigí áitiúla/ réigiúnacha ar foireann oibríochta láithreacha/ tionscadail a bhíonn ag obair iontu oscailte le linn na n-uaire seo.*

Cumarsáid Scríofa

- Tabharfaimid admháil ar gach fiosrú scríofa agus gach comhfhreagras neamhghnách (lena n-áirítear faicseanna agus ríomhphoist) go pras agus tá sé d'aidhm againn freagra cuimsitheach a thabhairt ar 95% ar a laghad de gach comhfhreagras laistigh de 20 lá oibre ar a dheireanaí.

Daoine a ghlaonn isteach chugainn go pearsanta

- Beimid ar fáil chun bualadh leat ach coinne a bheith agat le linn gnáthuaire oifige (féach thuas). Beimid chomh solúbtha agus is féidir más mian leat cruinniú a shocrú lasmuigh de na huaire sceadalaithe sin.

Eolas a Sholáthar

Aithnímid chomh tábhachtach atá sé freastal a dhéanamh ar gach a mbíonn ár gcustaiméirí ag súil leis trí eolas atá tráthúil, cruinn agus oiriúnach dá riachtanais a sholáthar.

Saoráil Faisnéise

- Comhlíonfaimid ár riachtanais reachtúla ar fad maidir le faisnéis a chur ar fáil laistigh d'am sonraithe.
- Déanfaimid gach iarracht a chinntiú go ndéileálfar le hiarratais shimplí lasmuigh de scóip na reachtaíochta cuí lena laghad míchaoithiúlachta d'iarratasóirí agus is féidir.

An Láithreán Gréasáin

- Déanfaimid Láithreán Gréasáin Oifig na nOibreacha Poiblí a chothabháil ionas go mbíonn sé cruinn, oiriúnach agus éasca le húsáid ag úsáideoirí.
- Cuirfimid, nuair is oiriúnach agus indéanta sin, naisc ar fáil ónár láithreán gréasáin chuig foinsí oiriúnacha eolais eile ar an Idirlíon.
- Cuirfimid pointe aiseolais ar fáil d'úsáideoirí an láithreáin ghréasáin agus féachfaimid le freagairt d'aon shaincheisteanna a ardófar ar an ngréasán laistigh de fiche lá oibre.

Eolas Ginearálta

- Cinnteoimid go bhfuil fáil ar gach eolas ginearálta go leictreonach agus i bhformáid phriontáilte, má tá riachtanas ann do.

Cóir Chomhionann

Táimid tiomanta seirbhísí a sholáthar dár gcustaiméirí ar bhonn stádais chomhionann. Ciallaíonn sé sin go ndéanfaimid freastal ar riachtanais chustaiméirí ar leith nó ghrúpaí de chustaiméirí agus é mar aidhm again cóir chomhionann a bhaint amach.

Rochtain Fhisiciúil

- Cinnteoimid go mbeidh rochtain ag gach duine a thagann chugainn ar limistéir phoiblí(*) inár n-áitribh agus láithreacha(**).
- Cinnteoimid, thar ceann ár Ranna Custaiméirí, ár nOifigí agus ár nGníomhaireachtaí, go mbeidh rochtain ag cách ar aon oifigí nua a churfimid ar fáil dóibh. Déileálfaimid de réir a chéile le foirgnimh agus áitribh níos sine lena chinntiú go mbeidh siad inrochtaine.

** De bharr nádúr roinnt láithreacha, ní gá go mbeadh rochtain iomlán ar gach limistéar laistigh de láithreacha Oidhreachta nó d'oifigí oibríochta áitiúla áirithe*

*** D'fhéadfaí, ó am go chéile, go rialófaí rochtain chuig limistéir áirithe ar láithreacha agus i bhfoirgnimh Oifig na nOibreaha Poiblí chun críocha Sláinte agus Sábháilteachta.*

Comhionannas Teanga

- Comhlíonfaimid riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 maidir le riachtanais Ghaeilge ár gcustaiméirí.
- Cinnteoimid go bhfaighidh aon duine a dhéanfaidh cumarsáid linn i scríbhinn as Gaeilge freagra ar ais sa teanga chéanna.
- Féachfaimid, le himeachta ama, lena chinntiú go ndéanfar freastal ar aon duine ar mian leo cumarsáid a dhéanamh linn trí Ghaeilge.

Seachadadh Misin

Táimid tiomanta seirbhísí éifeachtacha a sholáthar dár gcustaiméirí de réir na bpríomhghnéithe inár Ráiteas Misin.

Oiriúnach don Chuspóir

- Cinnteoimid go mbeidh gach foirgneamh nó áitreabh a sholáthraímid dár gcustaiméirí oiriúnach don chuspóir.

Seirbhísí ar Ardchaighdeán

- Féachfaimid le seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar sna príomhréimsí ar fad a sonraíodh thuas inár Ráiteas Misin (maoin, dearadh, tógáil agus fáil) agus i soláthar Seirbhísí Oidhreachta.

Tráthúlacht agus Costas

- Féachfaimid le seirbhísí a sheachadadh in am agus laistigh den bhuiséad.

Déileáil le Fadhbanna

Féachfaimid le córas simplí soiléir próiseála gearán agus achomharc a sholáthar.

*Gearáin**

- Déileálfaidh Oifigigh Seirbhísí Custaiméirí laistigh d'Aonaid Ghnó(*) le gearáin ar dtús. Mura mbíonn aon réiteach ag an leibhéal sin is féidir achomharc inmheánach a dhéanamh chuig an gCeann Ranna* cuí (Príomhoifigeach, Príomhailtire Cúnta nó Príomhinnealtóir Cúnta).
- Laistigh de Sheirbhísí Oidhreachta is féidir gearáin a bhaineann le seachadadh seirbhísí ag láithreacha cuairteoirí a dhéanamh leis an Treoraí nó an Maoirseoir Treoraí ar an láthair atá i gceist. Mura bhfuil seirbhís Treorach ar fáil nó má bhaineann an gearán le gné eile de na seirbhísí a thairgeann an tSeirbhís Oidhreachta ba chóir an gearán a dhéanamh díreach leis an Oifigeach Seirbhísí Custaiméirí don limistéar sin.

** Ní mheastar go bhfolaíonn an téarma 'gearán' éileamh dlí nó aon éileamh eile a bhfuil nós imeachta ar leithligh fáil dó cheana féin nó tá ceann leagtha amach sa dlí.*

*** Tá mionsonraí teagmhála d'Oifigigh Seirbhísí Custaiméirí, Príomhoifigigh, Príomhailtirí Cúnta agus Príomhinnealtóirí Cúnta le fáil in Aguisín 2&3 de Phlean Seirbhísí Custaiméirí Oifig na nOibreacha Poiblí.*

Achomhairc

- Murar féidir déileáil leis an gceist ag leibhéal Oifig na nOibreacha Poiblí is féidir achomharc a dhéanamh chuig Oifig an Ombudsman.

Caisleán Ros Cré

Athbhreithniú Oibríochtaí 2004

Cluain Mhic Nóis

I mí Iúil 2004, díoladh 72/76 Faiche Stiabhna a d'fhág glanluacháil de 52.3 Milliún ag an Stát. Réadaigh an Stát 100 milliún as cur de láimh barrachais Maoine Stáit agus as an dá shuíomh don Tionscnamh do Thithíocht Inacmhainne.

Artists impression of Westgate

Bainistíocht Maoine

Athrú ar Shócmhainní Stáit

Chuir an tAire Parlon in iúl go raibh faoi tús a chur le clár a chuirfeadh athrú ar Shócmhainní Stáit agus é ag seoladh Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2002. Tar éis don fhógra seo a bheith déanta bunaíodh aonad nua i Seirbhísí Bainistíochta Maoine chun déileáil le clár chur de láimh. Tosaíodh ar phróiseas iomlán athbhreithnithe agus é d'aidhm leis Maoin Stáit a bhí folamh, nach raibh dóthain úsáide á baint aisti, nach raibh dóthain forbartha déanta uirthi nó gur shócmhainn bharrachais í, a aithint.

Tá líon áirithe maoine aimsithe go dáta, tríd an bpróiseas, a meastar a bheith feiliúnach chun mionmheasúnú a dhéanamh orthu i dtaca le cinneadh a dhéanamh faoin acmhainn a bhainfeadh leo ó thaobh cur de láimh nó athfhorbartha de.

Tá raon de chomaoineacha á gcur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na maoine áirithe seo; orthu sin tá:

- Saincheisteanna pleanála i gcomhthéacs na hacmhainne forbartha a bhainfeadh leo
- An chóir ghinearálta atá orthu
- A mhéid de thionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cinntí faoi dhílárú orthu
- Malairt úsáide a d'fhéadfaí a bhaint astu, agus an fhéidearthacht go bhféadfaí iad a úsáid le haghaidh tithíochta san áireamh
- A luach ar an margadh.

Dá thoradh seo tharla trí mhórdhíolachán i limistéar Bhaile Átha Cliath amháin i 2004.

Maoine a cuireadh de láimh i 2004

FOIRGNEAMH	LUACH	DÁTA DEIRIDH
2 Sr. na hEaglaise, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge	€337,000.00	12 Bealtaine '04
Lána Lad, Baile Átha Cliath 2	€22,500,000.00	5 Bealtaine '04
Suíomh Phost Teorann Chustaim An Bhlaic - An Cabhán	€21,586.23	16 Márta '04
72-76 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.	€52,300,000.00	15 M. Fómh. '04
S. G. Choill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge	€100,000.00	13 Lún. '04
14/16 Sr. Edward Fitzgerald, Baile Átha Cliath 8	€8,780,140.48	30 Lún. '04
S.G. Bhaile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh	€450,000.00	7 Noll. '04

Aimsíodh dhá shuíomh i ndáil lena thuilleadh úsáde a bhaint as Tailte Stáit i gcomhair Tioscnamh na Tithíochta Inacmhainne de chuid Dul Chun Cinn a Inbhuanú:

1. Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath 7 - 1.2 Heicteár.
2. Bóthar Jamestown, Inse Chór - 2.6 Heicteár

Tá na socruithe deiridh a bhaineann leis an aistriú seo á ndéanamh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Táthar ag leanúint den chlár don bhliain 2005.

Bainistíocht Maoine

Forléargas ar Mhargadh 2004

Margadh cíosa na hOifige

Tharla aisghabháil shuntasach i mbliana i gcomparáid leis an aisghabháil lag a tharla sa bhliain 2003. Bhí sé sin le tabhairt faoi deara go mór in earnáil oifigí Bhaile Átha Cliath, go háirithe sna lár-limistéir traidisiúnta oifige. Ar an lámh eile lean na hionaid oifige uirbeacha ag ofráil luach maith ar airgead mar go raibh iomaíocht i measc na n-úinéirí agus iad ag ligean oifigí ar cíos, de bharr go raibh an aisghabháil leochaileach den chuid is mó.

Bhí an aisghabháil i margadh oifige Bhaile Átha Cliath soiléirithe ag an méadú a tháinig i nglacadh spáis, a tuairiscíodh a bheith sa réimse idir 160,000 agus 190,000 méadar cearnach, méadú suntasach (níos mó ná 25%) ar an mbliain roimhe, agus laghdaigh rátaí folúntais i gcomhréir, go dtí figiúr de thart ar 15% san iomlán i limistéar Bhaile Átha Cliath, agus go dtí beagnach leath an fhigiúir sin i lár na cathrach.

De bharr go raibh an margadh oifige uirbeach leochaileach shocraigh Oifig na nOibreacha Poiblí 'fanacht go bhfeicfidís', agus d'úsáid siad suíomh buntáisteach an mhargaidh agus a phríomhchúnant araon chun luach ar airgead a fháil ar na téarmaí léasa.

Tionchar an Díláraithe

Bhí tionchar thar na bearta ag an mórthionscnamh rialtais gnéithe móra dá ranna lárnacha rialtais a dhílárú ar fud na tíre. Tá ról lárnach ag Oifig na nOibreacha Poiblí sa chlár seo agus í ag aimsiú agus ag forbairt na n-oifigí réigiúnacha chun an clár díláraithe atá á fhorbairt a chomhlíonadh. Mar thoradh air sin, seachas nuair a bhí gá le riachtanais áitiúla práinneacha oifige a chomhlíonadh, ní raibh an Stát gníomhach i margadh oifige Bhaile Átha Cliath.

Díolachán Maoine

Ba é an tionchar ba mhó a bhí ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar an margadh maoine tráchtála gur díoladh cuid dá mórghabháltais mhaoine i lár na cathrach agus gur measadh iad a bheith díolta ar phraghsanna eisceachtúla. Úsáideadh an díolachán seo d'fhonn an clár faighte suímh don dílárú a mhaoiniú. Suímh a bhí forbartha a bhí i bhformhór na maoine sin go fírinneach mar go ndeachaigh infheisteoirí príobháideacha in iomaíocht lena chéile le roinnt de phríomhghabháltais chathrach an Stáit a cheannach d'athfhorbairt ar mhórscála. Táthar ag leanúint leis an gclár rollach díolacháin agus leanfar leis amach anseo de bharr go gcaithfear punann maoine an Stáit a chóimheas agus a athchothromú de bharr an díláraithe.

Athbhreithniú ar Chíos

Lean Oifig na nOibreacha Poiblí, go díograiseach, de réiteach a fháil ar athbhreithnithe cíosa agus nuair nárbh fhéidir teacht ar aon réiteach maidir le rátaí réasúnta, tarchuireadh cásanna dá leithéid chuig an tríú páirtí neamhspleách chun an cinneadh deireanach a fháil orthu.

Léasanna nua 01 Eanáir 2004 – 31 Nollaig 2004 – Baile Átha Cliath

AINM NA MAOINE	ÁIT	ROINN	DÁTA TOSAITHE	DÁTA ÉAGTHA	M.CR. LE LIGEAN AR CÍOS	CÍOS SA BHLIAIN
Oifig na bPasanna Baile Brigín	Baile Brigín	An Roinn Gnóthaí Eachtracha	24-Ean-04	23-Noll-23	2914.05	553,669.50
ITT Tamhlacht	Baile Átha Cliath 24	An Roinn Iompair	01-Márta-04	31-Lún-07	157.93	48,250.05
An Oifig Oideachais Tamhlacht	Baile Átha Cliath 24	An Roinn Oideachais & Eolaíochta	01-Aib-04	30-Noll-22	589.99	113,658.00
BMDP Tamhlacht	Baile Átha Cliath 24	B.M.D.P.	30-Aib-04	29-Aib-24	Níl i gceist	15,200.00
BMDP Tamhlacht	Baile Átha Cliath 24	B.M.D.P.	30-Aib-04	29-Aib-24	1011.8	188,553.75
Aerfort Bhaile Átha Cliath	Aerfort Bhaile Átha Cliath	An Garda Síochána	01-Meith-04	31-Beal-08	39.7	14,599.20

Léasanna nua 01 Eanáir 2004 – 31 Nollaig 2004 – Réigiúnach

AINM NA MAOINE	CONTAE/ÁIT	ROINN	DÁTA TOSAITHE	DÁTA ÉAGTHA	M.CR. LE LIGEAN AR CÍOS	CÍOS SA BHLIAIN
Oifig Rialtais An Nás	Cill Dara/ An Nás	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, An Oifig Réigiúnach Oideachais, An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail & Teaghlaigh	01-Ean-04	31-Ean-24	1343.37	€254,034.00
Oifig Thalmhaíochta Ros Comáin	Ros Comáin/ Ros Comáin	An RoinnTalmhaíochta, Bia & Forbairt Tuaithe	01-Már-04	28-Fea-05	419.44	€65,557.80
Páirc Ghnó na bhForbacha NA CREAGA	Gaillimh/ Na Forbacha	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	01-Aib-04	31-Már-06	223	€24,382.82
An Chomhairle Náis.um Oid. Speis. Baile Átha Troim	An Mhí/ Baile Átha Troim	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	01-Aib-04	31-Már-24	407.17	€87,645.60
Carrchlós Chlós Uí Eidhin Gaillimh	Gaillimh/ Gaillimh	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail & Teaghlaigh	06-Aib-04	05-Aib-06	Níl i gceist	€13,650.00
An Oifig Mhara Corcaigh	Corcaigh/ Corcaigh	An Roinn Cumarsáide, Mara Acmhainní Nádúrtha	01-Beal-04	25-Noll-05	42	€37,980.00
Cork Marine Office	Corcaigh/ Corcaigh	An Roinn Cumarsáide, Mara Acmhainní Nádúrtha	01-Beal-04	25-Noll-05	25	€5,910.72
An Oifig Ghnóthaí Gaeltachta Acaill	Maigh Eo/ Oileán Acla	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	01-Beal-04	31-Ean-14	46	€2,678.83
An Oifig Mhara Corcaigh	Corcaigh/ Corcaigh	An Roinn Cumarsáide, Mara Acmhainní Nádúrtha	03-Beal-04	02-Aib-14	483	€58,500.00

AINM NA MAOINE	ÁIT	ROINN	DÁTA TOSAITHE	DÁTA ÉAGTHA	M.CR. LE LIGEAN AR CÍOS	CÍOS SA BHLIAIN
S. G. Sealadach an Mháma	Gaillimh/ An Mám	An Garda Síochána	01-Iúil-04	30-Mei-09	51.5	€ 7,800.00
Seirbhís Phrobh/ Leasa Luimnigh	Luimneach/ Luimneach	An tSeirbhís Phrobhaidh & Leasa	01-Iúil-04	30-Mei-24	258.5	€ 45,262.00
Seirbhís Phrobh/ Leasa Chaisleán an Bharraigh	Maigh Eo/ Caisleán An Bharraigh	An tSeirbhís Phrobhaidh & Leasa	19-Lún-04	18-Beal-14	355.445	€ 38,259.80
Carrchlós SNSO, An Uaimh	An Mhí/ An Uaimh	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	01-M.F.-04	30-Lún-05	Níl i gceist	€ 6,000.00
Oifig Chosaint Shibhialta Ros Cré	Tiobraid Árann/ Ros Cré	An Roinn Cosanta	01-M.F.-04	31-Lún-24	1712.95	€ 170,000.00
Oifig Chosaint Shibhialta Ros Cré	Tiobraid Árann/ Ros Cré	An Roinn Cosanta	01-M.F.-04	31-Lún-24	8094	€ 25,000.00
Oifig Chosaint Shibhialta Ros Cré Sealadach	Tiobraid Árann/ Ros Cré	An Roinn Cosanta	01-M.F.-04	28-Feb-05	120.7	€ 15,000.00
Oifig SNSO, An Uaimh	An Mhí/ An Uaimh	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	15-M.F.-04	14-M.F.-05	341.42	€ 55,000.00
Oifig Phrobh/Leasa Áth Luain An Corrán	An Iarmhí/ Áth Luain	An tSeirbhís Phrobhaidh & Leasa	17-D.F.-04	16-D.F-06	613.14	€ 110,472.00
Oifig Sheirbhísí Pinsin Shligigh	Sligeach/ Sligeach	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail & Teaghlaigh	12-Samh-04	11-Lún-24	Níl i gceist	€ 123,750.00
Navan Wildlife Office	An Mhí/ An Uaimh	An Roinn Comhshaoil & Rialtais Áitiúil	01-Noll-04	31-Lun-09	112.5	€ 16,954.00

Léasanna a Géilleadh i 2004 – Baile Átha Cliath

AINM NA MAOINE	ÁIT	ROINN	DÁTA AR GÉILLEADH	SPÁSANNA CARRCHLÓIS	FAIRSINGE LE LIGEANAR CÍOS AN M.CR.	CÍOS SA BHLIAIN
Sr Haiste 6/7 Teach Hardwicke	Áth Cliath 2	An Roinn Gnóthaí Eachtracha	31-Lún-04	0	637.39	€ 284,391.39
City Quay Car Park	Áth Cliath 2	Na Coimisinéirí Ioncaim	13-Fea-04	18	Níl i gceist	€ 62,856.00
Foirgneamh na Drioglainne	Áth Cliath 7	An Roinn Oid & Eolaíochta	07-Ean-04	1	836.1	€ 475,530.00
Carrchlós Oif. Ghnó Eachtracha, Seantrabh	Áth Cliath 9	An Roinn Gnóthaí Eachtracha	07-Iúil-04	45	Níl i gceist	€ 127,500.00
ITT Tamhlacht	Áth Cliath 24	An Roinn Iompair	28-Fea-04	20	162.58	€ 48,250.05

Léasanna a Géilleadh i 2004 – Réigiúnach

AINM NA MAOINE	CONTAE/ÁIT	ROINN	DÁTA AR GÉILLEADH	FAIRSINGE LE LIGEANAR CÍOS AN M.CR.	CÍOS SA BHLIAIN
S.G.+ CPP Chill Mhichíl	An Clár/ Cill Mhichíl	An Garda Síochána	13-Ean-04	40.87	€3,674.70
Seirbhís Fiadhúlra Bheanntraí	Corcaigh/ Beanntraí	An Roinn Comhshaoil & Rialtais Áitiúil	10-Már-04	10.22	€1,980.79
An Oif. Leasa Shóis Dún na nGall	Dún na Ngall/ Dún na Ngall	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail & Teaghlaigh	20-Beal-04	156.17	€19,807.91
An tSeirbhís Chustaim agus Máil Dún na nGall	Dún na Ngall/ Dún na Ngall	Na Coimisinéirí Ioncaim	16-Apr-04	148.64	€13,332.25
An Garda Síochána Muirbheach Gaillimh	Gaillimh/ Gaillimh	An Garda Síochána	01-Noll-04	26.93	€6,602.64
Suíomh Dídeanaithe Chill Chainnigh	Cill Chainnigh/ Cill Chainnigh	Oifig na nOibreacha Poiblí	20-D.F.-04		€183,991.32
An Oifig Oideachais Luimneach	Luimneach/ Luimneach	An Roinn Oid. & Eolaíochta	21-M.F-04	58.25	€3,809.21
S.G. Thuar Mhic Éadaigh	Maigh Eo/ Tuar Mhic Éadaigh	An Garda Síochána	20-Iúil-04	76.6	€4,761.52
An Phríomh-Oifig Staidrimh Sligeach	Sligeach/ Sligeach	An Phríomh-Oifig Staidrimh	08-Aib-04	52.58	€5,713.82
Oifig na Roinne Eal. Oidh.Gael.& Oil. Áth Luain	An Iarmhí/ Áth Luain	An Roinn Eal.Oidh. Gael.& Oil.	20-Aib-04	80.83	€11,046.72

Bainistíocht Saoráidí

Uachtaránacht na hÉireann ar an A.E.

Sholáthair an tAonad Bainistíochta Saoráidí pacáiste iomlán bainistíochta ar ócáidí agus ar shaoráidí do Ranna agus do Ghníomhaireachtaí uile an Rialtais i rith Uachtaránacht an A.E. Dá bhrí sin clúdaíodh 345 cruinniú i 62 ionad ó cheann ceann na tíre go hiomlán sa sé mhí ó Eanáir go Meitheamh. Bhain an ghníomhaíocht lárnach i ndáil le bainistíocht ócáidí le cruinnithe a tionóladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, i bhFarmleigh agus in Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann. Caitheadh cuid shuntasach d'acmhainní an Aonaid, áfach, ar bhainistíocht "camcuairt Uachtaránacht an AE" a bhí nuálach agus ardrathúil go háirithe sa mhéid a bhain leis an lear mór de chruinnithe Airí agus de chruinnithe eile d'ardleibhéal a tionóladh ar fud na tíre. Tionóladh 36 cruinniú d'ardleibhéal agus áirítear Lá na bhFáiltithe do theacht i réim na mballstát nua ar Lá Bealtaine agus an Cruinniú Mullaigh idir an A.E. agus S.A.M. i mí an Mheithimh, orthu sin.

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Níor cuireadh saoráidí Comhdhála Chaisleán Bhaile Átha Cliath ar fáil d'aon ócáid eile seachas do ghnó Uachtaránacht an A.E. ó Eanáir go Meitheamh. Thug 107,600 duine cuairt ar Árasáin Stáit i rith na bliana agus ghlac siad páirt, in isteach is amach, le 4,500 turas treoraithe.

Tionóladh cruinnithe Uachtaránacht an A.E. i gCaisleán Bhaile Átha Cliath sa chéad shé mhí den bhliain ach lena chois sin ba é an Caisleán an t-óstionad do 170 ócáid idir mí Iúil agus mí na Nollag. Bhain an-éagsúlacht leis na hócáidí seo agus ba é Insealbhú na hUachtaránachta i mí na Samhna a mbuaic. I measc na n-ócáidí eile bhí dinnéir Stáit, comdhálacha idirnáisiúnta, coirmeacha ceoil agus taispeántais ealaíne. Rinne timpeall is 35,000 duine san iomlán freastal ar na hócáidí seo.

I dteannta na bhfeidhmeanna a bhain le bainistíocht na n-imeachtaí atá luaite go dtí seo lean foireann bainistíochta Chaisleán Bhaile Átha Cliath uirthi le seirbhís iomlán bainistíocht maoine a sholáthar do na háititheoirí go léir a bhí i gcoimpléasc Chaisleán Bhaile Átha Cliath i 2004.

An tOspidéal Ríoga, Cill Mhaighneann

Níor cuireadh Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann ar fáil d'aon chomhdháil ná d'aon ócáid eile seachas do ghnó Uachtaránacht an A.E. ó Eanáir go Meitheamh. Tionóladh 80 ócáid sa leath deiridh den bhliain ar ar fhreastail timpeall is 16,000 duine san iomlán. Thug 350,000 duine cuairt ar Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann atá lonnaithe in Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Sráid Mhaoilbhríde

Leanann an tAonad Bainistíochta Saoráidí air ag soláthar seirbhísí cothabhála maoine agus slándála i gcoimpléasc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar Shráid Mhaoilbhríde.

Farmleigh

Láthair thábhachtach i ndáil le hócáidí Uachtaránacht an A.E. ab ea Farmleigh sa chéad sé mhí de 2004. Chuir dinnéar "Lá na bhFáiltithe" i bhFarmleigh, ar fhreastail 25 Príomh-Aire na 15 ballstát mar a bhí agus na 10 mballstát nua a bhí ag teacht i réim, bailchríoch air seo.

Ní raibh cead isteach ag an bpobal go Farmleigh ó Eanáir go deireadh Meithimh de bharr Uachtaránachta an A.E. Mar sin féin thug os cionn 109,000 duine cuairt ar Farmleigh i 2004.

Tionóladh 152 cruinniú, seimineár agus ceardlann i bhFarmleigh i 2004. Cuireadh ar fáil thar oíche 12 babhta faoi leith, tharla 127 turas a bhí curtha in áirithe roimh ré, reachtáladh 88 lá oscailte don phobal agus 52 ócáid chultúrtha.

Lean an clár rathúil d'ócáidí seasúracha, "Ag Farmleigh" lena ócáidí ar théamaí ar leith a bhí eagraithe go míosúil, air de bheith ag cur deiseanna iomadúla ar fáil don phobal chun taitneamh a bhaint as saoráidí Farmleigh i rith na bliana 2004. Bhí na margaí bia a raibh an oiread sin tóir orthu i rith mhí Mheán Fómhair ar cheann díobh sin. Chuir an pobal an-spéis freisin sa tsraith d'ócáidí a bhí ar bun sa Teach faoi Nollag agus thug siad tacaíocht di.

Farmleigh

Áras an Uachtaráin

Lean an tAonad Bainistíochta Saoráidí dá ról tábhachtach i mbainistíocht Áras an Uachtaráin i 2004 trí raon de sheirbhísí maoine, tís agus lónadóireachta. Ba í buaic na bliana, an phríomhócáid cheiliúrtha i gcomhair "Lá na bhFáiltithe", Lá Bealtaine, mar arbh é an tÁras an t-óstionad. Bhí ról lárnach ag foireann an Aonaid Bhainistíochta Saoráidí san Áras in eagrú rathúil na hócáide d'ardchlú sin.

Seirbhísí Bainistíochta Saoráidí Ginearálta

Déanann an tAonad Bainistíochta Saoráidí forbhreithniú ar an bhforáil, trí sholáthróirí seirbhíse ar chonartha, de raon iomlán de sheirbhísí tacaíochta do mhaoine eile mar shampla na Saotharlanna nua Rialtais i mBackweston, Co. Chill Dara agus lonad Cathrach an Taoibh Thuaidh, sa Chúlóg, Baile Átha Cliath. Is í an cuspóir atá acu foráil seirbhíse bainistíochta saoráidí atá gairmiúil, éifeachtach ar bhonn costais, agus ar scothchleachtas, a sholáthar do na Ranna gurb iad a gcliaint iad.

Staisiún na nGardaí,
Riverstown, Co Sligeach.

Seirbhísí Cothabhála Maoine

TUARASCÁIL ACHOIMRE AR CHAITEACHAS OIFIG NA NOIBREACHA POIBLÍ SEIRBHÍSÍ COTHABHÁLA MAOINE SA BHLIAIN 2004*	€
Cothabháil	31,879,000
Caiteachas Caipitil	36,487,000
Cuntais Chliaint i gCothabháil Ghinearálta	14,145,000
Obair Ghníomhaireachta déanta ag Oifig na nOibreacha Poiblí do Ranna	4,537,000
Oibreacha ar Scoileanna	309,000
Iomlán	87,357,000

** Taispeánann an tábla seo caiteachas ar obair chonartha arna bainistiú ag na Seirbhísí Cothabhála Maoine, gan Oibreacha Sláinte agus Sábháilteachta a bheith san áireamh*

ISO 9001:2002

Tosaíodh ar obair sa bhliain 2004 chun doiciméadú cuimsitheach a dhéanamh ar nósanna imeachta agus prótacail oibreacha sna Seirbhísí Cothabhála Maoine d'fhonn creidiúnú ISO 9001:2000 a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2005.

Uachtaránacht an AE

Chomhlíon ár líonra d'Oifigí Réigiúnacha agus an Rannóg Bainistíochta Saoráidí i mBaile Átha Cliath na riachtanais chóiríochta agus na riachtanais seirbhísí bainistíochta saoráidí a theastaigh ó Ranna Rialtais agus ó Údaráis an Gharda Síochána d'fhonn feidhmeanna agus riachtanais slándála an AE le linn Uachtaránacht na hÉireann sa bhliain 2004 a éascú.

Clár Mionoibreacha na nGardaí

Ba é €5m an caiteachas a bhí ar an gclár thuas sa bhliain 2004 a thug oibreacha athshlachtaithe san áireamh i 44 stáisiún gardaí lena n-áirítear Carraig Uí Leighin, An Doladh, Inis Díomáin, Áth Trasna, Baile Idir Dhá Abhainn agus Ros Cré.

Straitéis Sláinte agus Sábháilteachta

Chuir Seirbhísí Cothabhála Maoine prótacail i bhfeidhm i gcomhair géilliúntais do reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta. Clúdaíonn sé sin raon leathan de mhaoirseoirí tionscadal ag céim an dearaidh, ag céim na tógála agus féinmheasúnú riosca do phearsanra trádála agus d'oibreoirí ginearálta sna Seirbhísí do Chothabháil Foirgnimh agus sa Bhrainse Troscáin.

Tá sé riachtanach fógraíocht a dhéanamh faoi chomhair phainéal de chonraitheoirí i ngach réigiún i gcomhair oibreacha éigeandála glao-amach. Beidh ar na conraitheoirí seo tairiscintí a chur isteach mar is gnáth do chonarthaí. Baineann an prótacal le hoibreacha éigeandála amháin. Déanfaidh siad measúnú ar an riosca agus gníomhóidh siad mar mhaoirseoirí tionscadal, ag céim na tógála.

Conarthaí Cothabhála ar Théarma Tomhaiste

- Glacfar le tairiscintí tríd an nós imeachta OJEC i gcomhair scéim phíolótach do limistéar Bhaile Átha Cliath, ceann ó thuaidh agus ceann ó dheas a fhreagraíonn do na réigiúin atá ann cheana féin. Níor ligeadh an obair seo ar chonradh go fóill.
- Déanfar forthairgiú ar Dheasca Cabhrach mar an t-aon phointe teagmhála do gach seirbhís cothábhála a sholáthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí. Beidh smacht aige ar chlárú gach iarratas ónár gcliaint i gcomhair obair chothábhála.
- Beidh tacaíocht agus cúltacaíocht á bhfáil ón tseirbhís suirbhéireachta cainníochta a dhéanfaidh scrúdú ar na héilimh mhíosúla arna ndéanamh ag an gconraitheoir ar chonradh cothabhála ar théarma d'obair a rinneadh. Cuirfidh sé seo saoráid nua ar fáil dár gcliaint de bharr go mbeidh ar a gcumas meastachán cruinn costais a fháil ar an obair a bheadh de dhíth.
- Beidh na hoifigí réigiúnacha mar ghné theicniúil agus mhaoirseoireachta den fhrámaíocht nua cothabhála. Cuirfidh siad liosta conraitheoirí atá in úsáid acu ag an am sin ar fáil do chonraitheoirí ar chonradh cothabhála ar théarma.

Seirbhísí do Chothabháil Foirgneamh

De bharr theacht na gconarthaí cothabhála ar théarma tarraingeoidh na Seirbhísí do Chothabháil Foirgneamh siar as gnáthchothabháil in oifigí comhaimseartha, go ginearálta, agus leagfaidh siad béim ar chaomhnú na hoidhreachta agus na bhfoirgneamh stairiúil i Limistéar Bhaile Átha Cliath.

Tá plé leanúnach ag dul ar aghaidh le English Heritage maidir le feabhas a chur ar scileanna na gceardaithe sna Seirbhísí do Chothabháil Foirgneamh i ndiaidh an aistrithe agus tá an proifíl nua foirne agus na scileanna aitheanta.

Tá an-dul chun cinn déanta sa réimse Sláinte agus Sábháilteachta agus tá glactha ag gach ball foirne leis na prótacail nua. Tá clár tosaithe ag na Seirbhísí do Chothabháil Foirgneamh le córais 'Fall Arrest' a fheistiú do dhíonta na maoine oidhreachta i limistéar Bhaile Átha Cliath. Déantar scrudú agus deimhnítear gach gléasra agus trealamh uair in aghaidh na bliana.

Tosóidh córais taifeadta ama i mbliana in iostas na Seirbhísí do Chothabháil Foirgneamh i gCorcaigh agus i Luimneach. Beidh na conarthaí soláthair do sholáthar múchtóirí dóiteáin agus ábhair do na Seirbhísí do Chothabháil Foirgneamh agus don Bhrainse Troscáin araon ann sa bhliain 2005.

Rinneadh cuntais bhliantúla do na Seirbhísí do Chothabháil Foirgneamh in imeacht na dtrí bliana dheireanacha. Gach bliain déanann siad brabús ar obair inmhuirir de thuairim is 9% - 11.6%.

Brainse Troscáin

Tá lámhleabhar sonraithe feidhmiúcháin críochnaithe anois chomh maith leis an mbróisiúr ar gach mír tarraingte anuas a sholáthraíonn an Brainse Troscáin.

Déanfar an Brainse Troscáin a chomhtháthú go hiomlán isteach sa chóras bogearraí Visibility do thuarastail, conarthaí agus íocaíochtaí. Tá an conradh tarraingte anuas do throscán oifige i bhfeidhm agus déanfaidh siad freastal ar na riachtanais troscáin don dílárú.

Beidh an Brainse Troscáin ag réiteach a bprótacal dá lámhleabhar ar nósanna imeachta a rachaidh i dtreo creidiúnú ISO sa bhliain 2006.

Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal

Déanann Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal bainistíocht, le cuidiú ó Sheirbhísí Ailtireachta agus Innealtóireachta Oifig na nOibreacha Poiblí agus disciplíní gairmiúla na hearnála príobháidí den sórt a bheadh riachtanach, ar sheachadadh ar thionscadail nua tógála, athshlachtaithe, chaomhnaithe agus ollthionscadail ar son Oifig na nOibreacha Poiblí agus a cuid cliant agus custaiméirí.

Cuireann Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal in iúl go glinn agus go mion, coimre riachtanas na gcliant nó na gcustaiméirí d'fhonn cuidiú le seachadadh na riachtanas sin in am, taobh istigh den bhuiséad agus de réir an chaighdeáin ailtireachta agus innealtóireachta is airde, faoi ghéilliúntas nósanna imeachta Sholáthar an Rialtais agus an AE.

Tá bainistíocht ar dhul chun cinn cháipéisíocht na dtairiscintí, foireann dearaidh a thabhairt le chéile agus a cheapadh, ceadúnais phleanála atá riachtanach a dhaingniú, conraitheoirí a roghnú, forbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar an suíomh agus costais na dtionscadal a bhainistiú i gceist le seachadhadh riachtanas na gcliant agus na gcustaiméirí.

Clár na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Ba €997,000 an caiteachas don bhliain 2004.

CRÍOCHNAITHE	AR BUN	AG CÉIM CEAD PLEANÁLA /TAIRISCEANA & ARAILE	AG CÉIM NA PLEANÁLA
		An Cóbh – Oifig Áitiúil nua – Athshlachtú agus Leathnú	Áras Uí Eidhin, Gaillimh – an t-urlár íochtair agus an 1chd. urlár a fheistiú Baile Munna – Oifig Áitiúil nua a thógáil
		Bré – Oifig Áitiúil nua a thógáil	

Clár Seirbhísí na gCúirteanna

Ba €2,103,653 an caiteachas ar an gclár seo don bhliain 2004.

CRÍOCHNAITHE	AR BUN	AG CÉIM CEAD PLEANÁLA /TAIRISCEANA & ARAILE	AG CÉIM NA PLEANÁLA
Teach Cúirte Chontae & Chathair Chorcaí, Sráid Washington	An Longfort - Athshlachtú	Tulach Mhór - Athshlachtú	Coimpléasc na Cúirte Coiriúla – Tógáil nua
	An tAonach – Athshlachtú & leathnú nua		Cúirt Dúiche Chorcaí – leathnú

CRÍOCHNAITHE	AR BUN	AG CÉIM CEAD PLEANÁLA /TAIRISCEANA & ARAILE	AG CÉIM NA PLEANÁLA
	Bré – Tógáil ar bun ar Theach Cúirte nua		Eochaill – Athshlachtú
	Na Ceithre Chúirt – Oibreacha Slándála Cuid 1		Cill Chainnigh – Athshlachtú
	Béal Átha Seanaidh, tógáil nua		Loch Garman – tógáil nua
			Droichead Átha – tógáil nua
			Leitir Ceanainn – tógáil nua
			Muineachán – Athshlachtú
			An Muileann gCearr-Athshlachtú

Clár Cuíchóirithe Oifigí

CRÍOCHNAITHE	AR BUN	AG CÉIM CEAD PLEANÁLA /TAIRISCEANA & ARAILE	AG CÉIM NA PLEANÁLA
An Roinn Dlí & Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí – Saotharlann Dlí-eolaíochta - Foirgneamh réamhdhéanta	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Bloic 8 –10, Caisleán Átha Cliath – oibreacha athshlachtaithe	An Roinn Iompair – An tIonad Tástála Tiomána, Fionnghlas, BÁC	Clárlann na Talún – Sráid na hEaglaise/Lána an Chrochadóra
An Roinn Oid. & Eol. – Foirgneamh SNSO Crois Punch, Luimneach	An Roinn Iompair An tIonad Tástála Tiomána, Bóthar an tSáirséiligh, Corcaigh	Clárlann na Talún, Seantrabh – Saoráid stórais	An Roinn Talmhaíochta & Bia – Oifig nua don Cheantar Tréidliachta, Droim Seanbhó, Co. Liatroma
Teach Lánsdúin - athshlachtú na bPríomháiteanna	An tSeirbhís Promhaidh & Leasa – Teampall San Nioclás, Corcaigh – athshlachtú.		Ceardlann nua Oifig na nOibreacha Poiblí, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Dún Eilíse, Corcaigh – Clár Oibreacha Éigeandála, Cuid IV			Caisleán Bhaile Sheáin, Co Loch Garman–Athchóiriú ar an díon

Ina theannta sin ghlac an Oifig le hobair ar bhonn aisíocaíochta do ghníomhaireachtaí eile. Ar na tionscadail a críochnaíodh bhí feistiú áitribh (páirt de) i dTamhlacht, Baile Átha Cliath don Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta.

Ar na tionscadail atá ag céim na pleanála áirítear athshlachtú oifigí don Bhord Uchtála ag Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath, feistiú oifigí don Ombudsman do na Leanaí i dTeach na Mílaoise, 52 –56 Sráid Mhór na Trá, Baile Átha Cliath 1 agus forbairt nua don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i gCill Chainnigh.

Thug Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal agus iad ag obair mar ghníomhairí ar son Theagaisc obair fhorbartha arbh fhiú €4m í chun críche i Moorepark i Mainistir Fhear Maí, i gCo. Chorcaí.

Clár Sheirbhís Príosún na hÉireann

CRÍOCHNAITHE	AR BUN	AG CÉIM CEAD PLEANÁLA /TAIRISCEANA & ARAILE	AG CÉIM NA PLEANÁLA
	Seirbhís Príosún na hÉireann – Príosún Phort Laoise Glas á chur ar Gheata	Seirbhís Príosún na hÉireann – Príosún Phort Laoise Bloc C	Seirbhís Príosún na hÉireann – Droichead a thógáil go hOileán Spíce
	Seirbhís Príosún na hÉireann – Príosún Luimhnigh Eite C		

Clár Díláraithe an Rialtais

CRÍOCHNAITHE	AR BUN	AG CÉIM CEAD PLEANÁLA /TAIRISCEANA & ARAILE	AG CÉIM NA PLEANÁLA
		Seirbhís Príosún na hÉireann, An Longfort	
		Sligeach – Leathnú ar Oifig na Seirbhísí Pinsin (An Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh)	Na Fórsaí Cosanta, An Currach

Tionscadail Tógála aon uaire

Cuireadh tús le hAthchóiriú agus le Forbairt ar Theach Cúirte an Aonaigh, Co.Thiobraid Árann sa Bhealtaine, 2004 agus tá sé beartaithe é a bheith críochnaithe faoi Mheán Fómhair 2005. Is €14m an luach atá leagtha ar an bhforbairt.

Tá sé beartaithe tús a chur le hAthchóiriú agus le Forbairt ar Theach Cúirte na Tulaí Móire, Co. Uíbh Fhailí san Aibreán 2005. Táthar ag súil go gcríochnófár an obair i mí Iúil 2006. Is €13.5M an luach atá leagtha ar an bhforbairt.

Cuireadh tús le hAthchóiriú agus le Forbairt ar Theach Cúirte an Longfoirt i Meán Fómhair 2004 agus táthar ag súil go gcríochnófar an obair deireanach sa bhliain 2005. Is €9m an luach atá leagtha ar an bhforbairt.

Tá sé beartaithe tosú ar Athchóiriú agus ar Leathnú Theach an Chustaim i gCóbh, Co. Chorcaí faoi Bhealtaine 2005 agus é a bheith críochnaithe faoi Bhealtaine 2006. Is thart ar €3m. an luach atá leagtha ar an bhforbairt.

Críochnaíodh an fhoráil don chóiríocht oifige don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Bóthar Mhuileann na mBráthar, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí i Meán Fómhair 2004. Is €2m an luach atá leagtha ar an tionscadal seo agus tá sé beartaithe an t-iarratas pleanála don fhorbairt shibhialtach a chur isteach faoi Bhealtaine 2005.

Tá Aonad Schengen, Príomh-Áras an Gharda Síochána, Páirc an Fhionnuisce ionann is críochnaithe agus is €3m an luach atá leagtha air.

Athghiniúint Bhaile Munna: Is €20m. an luach atá leagtha ar fhorbairt ar Cheanncheathrú Rannach an Gharda Síochána agus ar Chóiríocht Oifige don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, ar an tSeirbhís Comhairle Airgid & Buiséadaithe agus ar an tSeirbhís Promhaidh agus Leasa. Tá an fógra pleanála d'fhorbairt an Gharda Síochána curtha isteach agus tá sé beartaithe an t-iarratas pleanála don fhorbairt shibhialtach a chur isteach i mí an Mheithimh 2005.

Gairdín na nAinmhithe, Baile Átha Cliath

Tá an Fhorbairt ar an mBialann Nua agus ar Shaoráidí Foirne tugtha chun críche anois; leagadh luach €4m. ar an obair.

Is €2.6m. an luach atá leagtha ar leathnú an tslí isteach nua agus a thimpeallacht. Tá sé beartaithe go dtosódh an obair i mí Eanáir 2005 agus go mbeadh sí á críochnú san Aibreán 2005. Tugann an tionscadal seo an Clár Forbartha Caipitil do 2001 – 2005 chun críche ar luach €12.7m

Stáisiúin na nGardaí Cósta

Tá athshlachtú Stáisiún Gharda Cósta an Aird Mhóir agus Stáisiún Gharda Cósta na Trá Móire i gCo. Phort Láirge tugtha chun críche. Críochnaíodh obair ar Stáisiún Gharda Cósta Ros Láir, Co Loch Garman freisin.

Tá na sonraí deiridh a bhaineann le conradh chun Stáisiún Gharda Cósta nua a thógáil ar an mBun Beag, Co Dhún na nGall á gcur i dtoll a chéile agus tá sé beartaithe go mbeadh an obair críochnaithe i mí na Nollag 2005.

Tá iarratas Pleanála á ullmhú faoi láthair d'fhorbairt Stáisiún Gharda Cósta Chill Chaoi, Co. an Chláir.

Is isteach is amach le €6m an luach atá leagtha ar na saoráidí seo.

Clár an Oireachtais/ Teach Laighean

Is €9.6m caiteachas iomlán an Chláir seo don bhliain 2004

CRÍOCHNAITHE	AR BUN	AG CÉIM NA PLEANÁLA
Leathnú ar Bhialann féin-fhreastail	Pailliún nua iontrála ag Sráid Chill Dara	2 urlár de Theach na Talmhaíochta a fheistiú do Phearsanra breise an Oireachtais
Cuid 1 Athshlachtú Theach Chill Dara do Phearsanra an Oireachtais	Cuid 2 Teach Chill Dara	Pailliún ar Shráid Mhuirfean
Saoráid nua rochtana ag Geata Shráid Chill Dara.	Naíonlann Oireachtais & Seomra Corpacmhainne	
Cuid 1 Plean Forbartha Smachtaithe		Tírdhreachadh ar charrchlós sealadach Faiche Laighean

Clár Tógála an Gharda Síochána

Thug Oifig na nOibreacha Poiblí faoi Chlár Tógála an Gharda Síochána ar éirigh go maith leis, le blianta beaga anuas. Tá thart ar €100m caite ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar sholáthar cóiríochta nua do na Gardaí agus ar mhórleathnuithe agus ar oibreacha athshlachtaithe ar Stáisiúin Gardaí atá ann, le deich mbliana anuas. Caitheadh suas le €30m sa dá bhliain dheireanacha seo amháin.

Tá dearadh agus tógáil na n-oibreacha nua seo ar an gcaighdeán is airde, rud a sholáthraíonn sárchoinníollacha oibre agus saoráidí do na Gardaí. Bíonn coimre na riachtanas ag síorathrú agus cuirfear na coimrí athbhreithnithe i bhfeidhm go luath chun freastal ar éileamh atá ag ardú i bpóilíneacht san aonú haois is fiche.

Tionscadail a críochnaíodh i 2004:

- Ceanncheathrú Cheantar Mhainistir na Féile, Co. Luimnigh
- Baile Choitín, Co. Chorcaí Aonad Bunúsach
- Ceanncheathrú Cheantar Dhún Dealgan Co. Lú. Leathnú & Athshlachtú.
- Príomh-Áras an Gharda Síochána Páirc an Fhionnuisce Baile Átha Cliath 8.- Fo-stáisiúin.
- Stáisiún Gardaí Mhaigh Dearmhaí Co. na Mí – Aonad Bunúsach
- Ceanncheathrú Cheantar Ghardaí an Teampaill Mhóir Co. Thiobraid Árann.
- An Stór Náisiúnta, Seantrabh Baile Átha Cliath 9

Tionscadail a tugadh go suíomh i 2004:

- Ceanncheathrú Cheantar Bhéal an Átha Co. Mhaigh Eo
- Ceanncheathrú Cheantar Bhéal Átha Seanaidh Co. Dhún na nGall
- Ceanncheathrú Cheantar Bheanntraí Co. Chorcaí
- Ceanncheathrú Cheantar Ros Mhic Thriúin Co Loch Garman.

Tionscadail mhóra atá ag teacht aníos:

- Coláiste na nGardaí An Teampall Mór Co.Thiobraid Árann
    - Bloc nua Saoráidí
    - Leathnú na Proinnlainne & an Ghiomnáisiaim
    - Athshlachtú ar an Stáisiún Gardaí atá ann
- Schengan – Príomh-Áras an Gharda Síochána – €3.5m. Tá an tógáil tosaithe – Le críochnú Bealtaine 2005
- Ceanncheathrú Rannach na nGardaí Baile Munna – €10m – Ag Céim na Pleanála

Comhairliúchán Pleanála faoi Pháirt 9. Críochnaithe

- Cairbre/Doire an Torainn Co. Chill Dara – Aonad Bunúsach
- Ceanncheathrú Cheantar Ghardaí an Chaisleáin Riabhaigh Co. Ros Comáin – Leathnú / Athshlachtú
- Ceanncheathrú Cheantar Ghardaí Chlár Chlainne Mhuiris Co. Mhaigh Eo- Ceanncheathrú Ceantair
- Stáisiún Gardaí Dhún Ard Co. Chill Mhantáin – Aonad Bunúsach
- Ceanncheathrú Limistéar Ghardaí na Scoile Co. Chorcaí –Ceanncheathrú Limistéir
- Stáisiún Gardaí Áth na nUrlann Co. Chill Chainnigh – Aonad Bunúsach
- Stáisiún Gardaí Shráid Anraí Co Luimnigh – Leathnú / Athshlachtú
- An Baile Gaelach Baile Átha Cliath 4 – Stáisiún Gardaí sa Stíl Chathrach
- Órán Mór, Co. na Gaillimhe- Stáisiún Gardaí sa Stíl Chathrach
- Baile an Gharraí, Co. Luimnigh- Aonad Bunúsach

Forais Chultúrtha / Maoine Oidhreachta

Caitheadh €10.92m i 2004

CRÍOCHNAITHE	AR BUN	AG CÉIM NA PLEANÁLA
Taispeántas James Joyce do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin, Athshlachtú ar an Scoil Mharcaíochta	Foirgneamh Stórais agus Ceangal Tolláin do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Athchóiriú Theach na Pailme, Garraithe Náisiúnta na Lus, Glas Naíon	Athshlachtú 44-45 Cearnóg Mhuirfean do Chartlann Ailtireachta na hÉireann & do Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann	Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin, Lárfhoirgneamh Nua
Faiche Stiabhna, Saoráidí Foirne	Crannlann JFK, Ros Mhic Thriúin – Saoráidí Foirne	Oibreacha múchta tine i Leabharlann Marsh
Córas Slándála a shuiteáil sa Cheoláras Náisiúnta	Ionad Cuairteoirí Cheathrú Mhór Leacain, Co Shligigh	Ceanncheathrú don Chomhairle Nua Oidhreachta i gCill Chainnigh
Ardaitheoir Nua a shuiteáil i 2/3 Sráid Chill Dara don Leabharlann Náisiúnta	Garinis, Co Chorcaí – Uasghrádú ar Shaoráidí Foirne	Tionscadal ar Shoilse Seachtracha don Cheoláras Náisiúnta
Athshlachtú na mbeár sa Cheoláras Náisiúnta	Tionscadal ar Chosaint Tine, Slándáil agus Soilse Gailearaí san Ospidéal Ríoga Cill Mhaighneann	Amharclann Lios Dúin Bhearna / Pailliún do na hEalaíona
Tionscadal ar Chomharthaíocht Sheachtrach sa Cheoláras Náisiúnta	Oibreacha caomhnaithe agus athchóirithe ar Leabharlann Marsh	Teach Mhucrois, Cill Airne – Slí isteach do Dhaoine faoi Mhíchumas

CRÍOCHNAITHE	AR BUN	AG CÉIM NA PLEANÁLA
Páirc Náisiúnta Staire Dhoire Fhionnáin – Saoráidí Foirne	Athshlachtú ar Dhánlann Náisiúnta na hÉireann, Uimh. 5 Sráid Laighean Theas.	Portach an Chlóirthigh - Ionad Nua Cuairteoirí, Co Uíbh Fhailí
Cill Aifín, Teach Cóiste, déanta as Cloch	Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin, Taispeántas ar Stair Mhíleata	Baile Chruaich, Co Mhaigh Eo – Ionad Nua Cuairteoirí
Garinis, Tithe Gloine, Co Chorcaí		Músaem Éanna, Athshlachtú
Páirc Náisiúnta Chonamara – Pailliún Nua Iontrála		Lóiste Uí Fhlaithimh, An Gleann Garbh, Athshlachtú
Córas Fuaraithe san Ospidéal Ríoga Cill Mhaighneann a shuiteáil		Teachín Dinis, Cill Airne, Athshlachtú
Athshlachtú ar Dhánlann Náisiúnta na hÉireann, Halla Léachtaí.		Páirc an Fhionnuisce, Gairdín Múrtha – Athchóiriú

Clár Rochtana Oifig na nOibreacha Poiblí

I rith na bliana 2004 thacaigh An Clár Rochtana leis an obair a bhain le feabhsú inrochtana i bhfoirgnimh ina raibh an tSeirbhís Cúirteanna; An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh; An Roinn Airgeadais; An Roinn Oideachais & Eolaíochta; An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil; An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta; An Roinn Gnóthaí Eachtracha; An Roinn Sláinte & Leanaí; Oifig na nOibreacha Poiblí; Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste; An Phríomh-Oifig Staidrimh; Oifig an Ard-Aighne; Oifig Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla; Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim; Institiúid Teangeolaíochta Éireann; An Chartlann Náisiúnta; agus Údaráis an Gharda Síochána.

Lean Oifig na nOibreacha Poiblí, i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí agus an Institiúid um Dhearadh & Míchumas d'urraíocht a dhéanamh ar thaispeántas camchuairte, "Dearadh do gach Duine", a cuireadh le chéile mar aithris ar sheacht bprionsabal don Dearadh Uilíoch mar a bhí curtha le chéile ag an Centre for Universal Design, Ollscoil Stáit Charolina Thuaidh. Lean an taispeántas dá chamchuairt i 2004.

Bhí na hionaid seo san áireamh sa chamchuairt:

- An Chomhdháil arna dúnadh d'Fhorógra Bharcelona, Ospidéal Ríoga Cill Mhaighneann.
- Gradaim na Nuálaithe Óga, City West.
- Leabharlann Chill Airne, Cill Airne
- Leabharlann Thrá Lí, Trá Lí
- Seachtain Dearaidh Institiúid na nDearthóirí in Éirinn, An spás Atrium, Oifig na nOibreacha Poiblí, 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath

Ba €662,000 an caiteachas iomlán ar 28 tionscadal don bhliain 2004.

Tionscadail Speisialta

Cuireadh críoch go praiticiúil leis an 12,500m^2 den tSaotharlann Stáit i mBackweston i Samhradh na bliana 2004 agus tugadh an foirgneamh ar láimh don Aire Airgeadais go foirmiúil ar an 31ú Lúnasa 2004. Cuireadh moill ar an 25,000m^2 den Choimpléasc Saotharlann don Roinn Talmhaíochta & Bia a bheadh buailte léi – a bhí beartaithe d'Eanáir 2005 – mar gur lasadh tinte go mailíseach i gceann de na Saotharlanna i lár mhí Mheán Fómhair 2004. Táthar ag súil anois go mbeidh an conradh críochnaithe go luath sa Bhealtaine 2005. Is thart ar €200m. an caiteachas iomlán atá i gceist do choimpléasc Backweston.

Chuaigh an obair thógála ar an bhforáil do Cheanncheathrú nua Fhoras na Mara €50m/11,000m^2 (timpeall is) in Órán Mór, Co. na Gaillimhe chun cinn go maith i rith na bliana 2004 agus tá sé beartaithe an obair a bheith críochnaithe ag deireadh na bliana 2005. Leanadh, ar feadh na bliana, den obair ullmhúcháin ar fhoráil den Phríomhfheirm Taighde Tréidliachta i Longtown Farm, Claonadh, Co. Chill Dara in áit na saoráide reatha i mBaile an Abba, Baile Átha Cliath 15 don Roinn Talmhaíochta & Bia. Cuireadh larratas Pleanála don Phríomhchonradh lena n-áirítear Foirgnimh Riaracháin, Clóis agus Seantáin a chlúdódh achar iomlán urláir díreach thar 14,000m^2, isteach chuig Comhairle Contae Chill Dara i mí na Nollag 2004.

Fuarthas Léirithe Suime in Eanáir 2004 d'fhoráil via Dearadh, Tógáil, Maoiniú, Feidhmiú agus Cothabháil do Lár-Ionad Náisiúnta Comhdhála le 2,000 suíochán. Cuireadh an tionscadal casta seo de chuid na Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí chun cinn go mór i rith na bliana go dtí gur roghnaíodh trí fheadhnacht le dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den Chomórtas i Cuireadh Tairiscintí, agus eisíodh cáipéisí ar bhain leo i mí na Nollag 2004.

Fuarthas Cead Pleanála don fhorbairt atá molta ag an nGeata Thiar a bhfuil 83,000m^2 d'Fhorbairt d'úsáid mheasctha ar Bhóthar Eoin/An Bóthar Míleata Thiar, Baile Átha Cliath, i gceist léi, i Meán Fómhair 2004 faoi "An Clár: Ag Athrú Sócmhainní an Stáit" de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí tar éis Achomhairc ón 3ú Páirtí chuig an mBord Pleanála i ndáil le Cead Pleanála Mhí Feabhra 2004 a fuarthas ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. [Tá An Rannóg Bainistíochta Maoine i mbun chur de láimh na maoine ar an margadh oscailte].

B'ábhar Achomhairc chuig an mBord Pleanála ab ea an Cead Pleanála a tugadh ar an 30ú Samhain 2004 don fhorbairt 52,000m^2 a bhí molta do Gheata Heuston ar Bhóthar Eoin/An Bóthar Míleata Thoir, ar a mbeadh túr feiceálach 32-stór tógtha agus an Stáisiún Taiscealaíochta (ar a dtugtaí Músaem na Leanaí roimhe seo). Beidh an freagra a thabharfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí ar na hAchomhairc istigh ag an mBord Pleanála go luath i mí Feabhra 2005.

In Aibreán 2004 fuarthas Cead Pleanála d'fhorbairt os cionn 4,000m^2 d'oifig nua, a bhí molta, don Roinn Airgeadais ag 7-9 Rae Mhuirfean/Buannachtaí Míleata i an suíomh ar ar sheas foirgneamh Mhúsaem na hÉireann roimhe seo agus atá buailte le Reilig na Huguenot agus leis na Buannachtaí Míleata ar Bhóthar Theas na bhFoirgneamh Rialtais. I Meán Fómhair 2004 fuarthas cead na Roinne Airgeadais dul ar aghaidh leis an bhForbairt. Bhíothas i mbun oibre ar ullmhú na gcáipéisí don Chumasú .i. Oibreacha leagtha/draenála, agus don Phríomhchonradh faoi dheireadh na bliana 2004. Tionscadal casta a bheidh anseo ó thaobh bainistíochta de nuair a smaoinítear ar na baic loighiciúla atá air mar go bhfuil sé suite ar Rae Mhuirfean, áit a bhíonn an-ghnóthach, mar go bhfuil sé i ngar do Reilig na Huguenot agus mar go bhfuil gné shlándála leis an gceangal, mar atá molta, leis na Foirgnimh Rialtais, ceangal a bheidh ag dul trí thollán faoin mBóthar Theas.

Leanadh ar feadh na bliana den bhforbairt ar dhearadh Ionaid Sábháilteachta Bia, timpeall is 11,000m^2, don Roinn Talmhaíochta & Bia i mBackweston ach cuireadh bac uirthi mar nach raibh an Roinn ábalta a coimre riachtanas a chur i gcrích de bhithín thoradh mholtaí an Díláraithe. Mar sin féin bhí dóthain forbartha déanta ar an dearadh faoi dheireadh na bliana le go bhféadfaí cruinniú réamhPhleanála a thionól le Comhairle Contae Chill Dara; táthar fós ag fanacht ar scéal uaithi go mbeidh sí ar fáil i dtaca leis sin.

Críochnaíodh cáipéisí ar larratas Pleanála d'fhorbairt oifige cineálaí timpeall is 3,500m^2 de chóiríocht ar 5-7 Cearnóg Mhuirfean i rith na bliana agus bhíothas ag feitheamh ag deireadh bliana ar threoir fhoirmiúil i dtaca leis an larratas a chur isteach.

Lean an tAonad air ag gníomhú mar Chomhairleoirí Teicniúla don Roinn Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta maidir leis an bhforbairt atá molta ar an Staidiam Náisiúnta. Tar éis measúnaithe ar Staidéar Féidearthachta an IRFU/FAI ar Bhóthar Lánsdúin i dtaca le Staidiam nua de, a bheith tugtha chun críche i mí na Nollag 2003, bheartaigh an Rialtas i mí Eanáir 2004 tacaíocht airgid - €191m – a thabhairt chun athfhorbairt a dhéanamh ar Bhóthar Lánsdúin le Staidiam 50,000 duine, faoi shuíocháin go hiomlán, faoi chomh-urraíocht an IRFU agus an FAI. Lean an tAonad Tionscadal Speisialta air i rith na bliana ag cur comhairle ar an Roinn Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta maidir leis na roghanna éagsúla cur i gcrích a bhí á meas. Bhunaigh an IRFU agus an FAI comhchuideachta fiontair go luath sa bhliain 2004 – Cuideachta Forbartha Staidiam Bhóthar Lánsdúin Teoranta – chun an Staidiam a thabhairt chun críche. Bhí an tAonad seo i ndlúthcheangal le Cuideachta Forbartha Staidiam Bhóthar Lánsdúin Teoranta agus leis an Roinn Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta maidir le gach aon ní a bhaineann le cur i gcrích na seirbhísí Dearaidh agus Bainistíochta Tionscadal sa chomhthéacs sin m. sh. cáipéisíocht, freastal ar agallaimh agus meastóireacht ar aighneachtaí ó Chomhairleoirí.

Mar chuid dá Chinneadh tacú le hathfhorbairt Bhóthar Lánsdúin thiomnaigh an Rialtas freisin, fad is a cheadódh acmhainní airgid dó, d'fhorbairt Champas Spóirt i mBaile an Abba. Tá tacaíocht lena n-áirítear tacaíocht leighis, taighde agus traenála d'fhorbairt lúthchleasaithe d'ardsaothrú móide saoráidí riaracháin do chomhlachtaí níos lú spóirt, i dteannta raon de shaoráidí eile lena n-áirítear páirceanna imeartha agus traenála i gceist don Champas. Tá an Campas i mBaile an Abba le cur i gcrích ag Forbairt Champas agus Staidiam na hÉireann Teo. a rinne coimisiúnú, i gcaitheamh na bliana 2004, ar Phlean Smachtaithe Forbartha don suíomh iomlán. Bhí ionchur ag an Aonad Tionscadal Speisialta i ngnéithe áirthe den Phlean Smachtaithe Forbartha agus beidh na conclúidí/na moltaí atá sa Phlean Smachtaithe Forbartha á meas ag an Rialtas go luath i 2005. Is é an ról atá ag an Aonad Tionscadal Speisialta i dtaca leis an Tionscadal de gníomhú mar Chomhairleoirí Teicniúla don Roinn Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta/d'Fhorbairt Champas agus Staidiam na hÉireann Teo.

Ba €83,998,888.29 an Caiteachas Iomlán a rinne an tAonad Tionscadal Speisialta don bhliain 2004.

CRÍOCHNAITHE	AR BUN	AG CÉIM CEAD PLEANÁLA / TAIRISCEANA	COMHPHÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ PHRÍOBHÁIDEACH
Athlonnú Shaotharlann an Stáit (Saoth. Stáit) ó Bhaile an Abba go Backweston	Athlonnú Shaotharlanna na Roinne Talmhaíochta & Bia ó Bhaile an Abba go Backweston	Foráil cóiríochta don Roinn Airgeadais ag 7-9 Rae Mhuirfean	Ionad Náisiúnta Comhdhála
	Athlonnú Cheanncheathrú Fhoras na Mara go Gaillimh.	Forbairtí molta ag an nGeata Thiar agus ag Geata Heuston ar shuímh Bhóthar Eoin/An Bhóthair Mhíleata.	
		Saoráid Feirme na Roinne Talmhaíochta & Bia i Longtown, Claonadh, Co. Chill Dara	
		Forbairt ar 5-7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath	
		Foráil do Bhuanionad Sábháilteachta Bia, don Roinn Talmhaíochta & Bia i mBackweston.	

Seirbhísí Ailtireachta

Soláthraíonn cleachtais ailtireachta Oifig na nOibreacha Poiblí seirbhís den chéad scoth. Cuireann siad seirbhís chuimsitheach dearaidh agus bainistíochta tionscadal ar fáil do thionscadail tógála san earnáil phoiblí, seirbhís bainistíochta caomhnaithe agus comhairliúcháin agus cuireann siad comhairle neamhspleách ar an Rialtas faoi shaincheisteanna ailtireachta.

Ofrálann siad seirbhís iomlán ildisciplíneach intí dá gcustaiméirí trí oibriú go dlúth leis na Rannóga Innealtóireachta Struchtúrtha agus Meicniúla agus Leictreachais de chuid Aonad Gnó na Seirbhísí Innealtóireachta agus le Rannóg na Suirbhéireachta Cainníochta.

Tá clú agus cáil ar na seirbhísí ailtireachta as a gcaighdeán agus a ngairmiúlacht mar atá léirithe ag an iliomad gradam atá gnóthaithe acu.

Tá bainistíocht chuimsitheach forbartha ag an gcleachtas a bhfuil creidiúnú ISO 9002 aige agus cuireann sé cuntais bhliantúla ar fáil a léiríonn go rialta go mbíonn na Seirbhísí Ailtireachta ag feidhmiú ar fharasbarr barúlach.

San áireamh sna seirbhísí a chuirtear ar fáil dár gcustaiméirí tá:

- Soláthar de sheirbhís iomlán sa dearadh agus sa bhainistíocht tógála
- Staidéir féidearthachta agus tuarascálacha ar thionscadail
- Forbairt ar an gcéad choimre
- Comhairle faoin gcéad chuid den tógáil agus faoi chostais fhadsaoil
- Comhairle faoi shaincheisteanna a bhaineann le rialachán pleanála agus tógála
- Comhairle faoi shláinte agus faoi shábháilteacht
- Comhairle faoi mhodhanna caomhnaithe agus faoi nósanna imeachta

Tá saineolas faighte ag an gcleachtas i roinnt mhaith réimsí:

- Cóiríocht nua-aimseartha oifige
- Maoine oidhreachta a chaomhnú agus athchóiriú a dhéanamh orthu
- Foirgnimh Phríosún
- Foirgnimh don Gharda Síochána
- Oifigí Poiblí agus Ranna Rialtais
- Rochtain Phoiblí ag láithreacha oidhreachta

Punann na dTionscadal

Is léiriú ar an obair a bhí idir lámha ag na seirbhísí Ailtireachta luach phunann a dtionscadal. Bhí 441 tionscadal sa chlár oibre don bhliain 2004 agus luach €2.133 billiún leo go léir in éineacht.

Tháinig athrú ar an dul chun cinn a bhí leagtha síos do roinnt áirithe de na tionscadail i rith na bliana mar gur cuireadh tús le Clár Díláraithe an Rialtais agus go raibh tosaíochtaí an chliaint ag athrú. Cé gur cuireadh 84 tionscadal leis an gclár baineadh roinnt áirithe tionscadal den chlár freisin agus d'fhág sin gurbh €1.668 billiún, don 438 tionscadal ar láimh, luach an aschuir ag deireadh na bliana.

Forbairt Leanúnach Ghairmiúil

Is riachtanach iad an mhonatóireacht agus an fhorbairt ar leibhéil inniúlachta ghairmiúlachta chun a chinntiú go gcoinnítear caighdeán na dtionscadal agus seachadadh na seirbhíse maille lena bheith ina riachtanais don chreidiúnú ISO 9002. Tugadh síos in Iniúchadh ISO ar na Seirbhísí Ailtireachta gurbh 28 uair an chloig meánlíon na n-uaireanta oiliúna san Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil a chuir baill foirne aonair isteach, líon a sháraigh an sprioc i 25 uair an chloig oiliúna.

Leanadh den Chlár ar Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil i 2004 agus idir oiliúint agus ócáidí eile áirítear:

- Léacht ar Dhearadh in Adhmad agus teacht ar Adhmaid Chrua Theochreasa - Rupert Oliver & Ciaran O'Connor
- Léacht ar Dhearadh don Inbhuanaitheacht - Roeland Van Elsen
- Sraith léachtaí agus cúrsaí athnuachana ceadaithe ag Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann ar Shláinte agus ar Shábháilteacht agus ar Reachtaíocht na Pleanála, do bhaill foirne roghnaithe.
- Sraith léachtaí do bhaill foirne aonair ar Chaomhnú taobh istigh d'Fhoirgnimh Stairiúla.
- Rannpháirtíocht foirne roghnaithe ag Comhdháil Icomos (An Coiste Idirnáisiúnta ar Shéadchomharthaí agus láithreacha) i gCaisleán Bhaile Átha Cliath
- Rannpháirtíocht foirne roghnaithe ag Comhdháil Bhliantúil Thithe Stairiúla na hÉireann.
- Cruinniú le hOifigeach Oideachais Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann chun ábhair an Phlean Smachtaithe Forbartha a rachadh chun tairbhe an dá thaobh agus a bheadh le cur chun cinn sa bhliain seo romhainn, a phlé.

Clár Oiliúna Céimithe

- Bunaíodh Clár nua Oiliúna Céimithe, comhfhiontar idir Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann / Oifig na nOibreacha Poiblí i 2004. Tá 9 gcéimí in Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair agus tá ar a cumas 20 céimí san iomlán a thógáil.
- Cuireann an clár oiliúna an taithí atá riachtanach do scrúdú Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann /OÉ sa chleachtadh gairmiúil ar fáil agus fad is a bhí na céimithe istigh leis na Seirbhísí Ailtireachta ba mhór mar an t-ionchur a bhí acu ar dhearadh agus ar fhorbairt tionscadal éagsúil.

Caomhnú

Lean an tAonad Caomhnaithe le raon de thionscadail taighde ar chaomhnú, mar aon le mórthionscadail tógála a bhain le caomhnú, a chur i gcrích. San áireamh tá:

- Bunachar sonraí ar aolchloch don tógáil a fhorbairt i bpáirt leis an tSaotharlann Stáit agus le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
- Taighde a bhaineann le caomhnú ar phéinteanna stairiúla i gcomhaontú leis an tSaotharlann Stáit.
- Clár taighde a fhorbairt agus clár comhoibritheoirí a bhunú chun tabhairt faoi roinnt na hoibre in ábhair a bhaineann go sainiúil leis an gcleachtadh: slándáil ar thine (foirgnimh stairiúla); starrmhaidí cloiche; gnéithe dealbhóireachta agus snoíodóireachta; oibreacha iarainn
- Na hidirghabhálacha sna Maoine Stairiúla agus sna Struchtúir Chosanta eile a chur ar taifead agus i bhfoirm cáipéise i gcomhar le Scoil na hAiltireachta, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath.

Polasaí ar Dhearadh Inbhuanaithe agus ar Bhealaí Rochtana do gach Duine

- Tá An Grúpa Oibre ar Dhearadh Inbhuanaithe agus ar Bhealaí Rochtana do Gach Duine de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí ag leanúint dá thaighde i dtaca le scothchleachtas, modhanna agus caighdeáin do na Seirbhísí Ailtireachta
- Tá Liosta Seiceála an Dearaidh Ghlais, uirlís féin-iniúchta, ar fáil ar an inlíon chun cuidiú le próiseas an dearaidh ag céimeanna éagsúla
- Seoladh An Fhoireann Ghlas (Grúpa Oibre an Choiste Chomhpháirtíochta) i Meitheamh na bliana 2003. Baill dheonacha atá ann as gach rannóg d'Oifig na nOibreacha Poiblí agus as na hoifigí réigiúnacha freisin agus é d'aidhm acu cleachtais oibre atá níos fearr don chomhshaol agus cur chuige inbhuanaithe i ndáil leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil, a sholáthar
- Tá an Liosta Seiceála Iniúchta ar Bhealaí Rochtana ar fáil ar shuíomh inlín Oifig na nOibreacha Poiblí chun cuidiú le dearthóirí iniúchadh a dhéanamh ar dhearadh chun cloí le rialacháin reachtúla reatha don tógáil
- Tá cúigear déag d'iniúchóirí cáilithe rochtana ag Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair chun cuidiú le hiniúchadh a dhéanamh, ar iarratas ó Roinn Rialtais, ar fhoirgnimh atá i bpunann maoine an Stáit
- Tháinig camchuairt an taispeántais 'Dearadh do gach Duine', a chuir Oifig na nOibreacha Poiblí i láthair i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus leis an Institiúid um Dhearadh agus Míchumas chun críche i 2004. Tar éis don taispeántas a bheith le feiceáil i Malaga na Spáinne aistríodh é chuig an Ospidéal Ríoga Cill Mhaighneann agus go City West i mBaile Átha Cliath, go Cill Airne agus Trá Lí i gCiarraí agus ansin ar ais go dtí an spás Atrium in Oifig na nOibreacha Poiblí.
- I rith na bliana 2004 chuir An Grúpa Oibre ar Dhearadh Inbhuanaithe agus ar Bhealaí Rochtana do Gach Duine cuidiú agus comhairle ar fáil i dtaca le forbairt an aschuir chineálaigh shonraithe a mbeadh úsáid le baint as i gClár Díláraithe an Rialtais.

Seirbhísí Innealtóireachta

De bhrí go bhfuil foireann aige as raon de dhisciplíní innealtóireachta cuireann an t-aonad gnó seo seirbhísí innealtóireachta agus comhairle ar fáil sna réimsí sibhialta, meicniúla & leictreachais agus hidriméadracha a bhaineann lena chlár oibre féin agus le haonaid ghnó eile Oifig na nOibreacha Poiblí.

Athbhreithniú ar Pholasaí Tuilte

Ghlac an Rialtas i mí Mheán Fómhair 2004 le moltaí a bhí i dtuarascáil an ghrúpa idir-rannaigh a bunaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí náisiúnta tuilte. Mhol an Grúpa seo gurb í Oifig na nOibreacha Poiblí príomhghníomhaireacht an Stáit i dtaca leis an réimse seo agus go leagfaí de thasc uirthi clár ilghnéitheach a sheachadadh le díriú ar bhaol agus ar thionchar tuilte a mhaolú sa todhchaí. Cuirfidh Seirbhísí Innealtóireachta an clár i bhfeidhm in imeacht roinnt blianta i gcomhar le gníomhaireachtaí eile Stáit de réir mar a bheidh ábhartha. Tá na tionscnaimh mhóra nua seo a leanas in áireamh sa chlár:

- Clár Náisiúnta Mapála ar Bhaol Tuilte
- Tuarascáil ar Staidéir ar Thuilte na hÉireann a thabhairt cothrom le dáta
- Feachtas chun airdeall an phobail a tharraingt ar shaincheisteanna a bhaineann le tuilte
- Treoir a sholáthar i dtaca le forbairt inbhuanaithe
- Foráil do chlárlann ar chosaint maoine in aghaidh tuilte
- Córas rabhaidh ar thuilte a fhorbairt
- Critéir a fhorbairt i dtreo cainéal chun bearta cothabhála agus fóirithinte ar thuilte sa todhchaí a shonrú agus tús áite a thabhairt dóibh

Seo mar a leanas an dul chun cinn a bhí déanta ar fheidhmiú na dtionscnamh seo faoi dheireadh 2004:

Clár Náisiúnta Mapála ar Bhaol Tuilte: Ligeadh Cuid 1 den Chlár amach ar chonradh. I gceist leis seo tá (a) bailiú agus fíorú na faisnéise atá ann i dtaca le tarlúintí tuilte san am atá caite ó bhreis is 40 Údarás Áitiúil agus ó eagraíochtaí eile (b) forbairt ar chóras bunaithe ar an Idirlíon chun an fhaisnéis seo a scaipeadh. Bhíothas i mbun oibre ar bhailiú na faisnéise ó shé chomhlacht foinse agus bhí dul chun cinn maith déanta ar fhorbairt fréamhshamhla an tsuímh ghréasáin faoi dheireadh na bliana.

Staidéir ar Thuilte na hÉireann a thabhairt cothrom le dáta: Cuireadh tús le hullmhú plean feidhmithe i gcomhar leis na heagraíochtaí cuí. Earcaíodh Innealtóir a raibh saineolas ar leith aige, ar chonradh, chun cuidiú leis an bpróiseas seo.

Córas Rabhaidh Tuilte: Tugadh cáipéisí conartha chun críche a bhain le trealamh meitéareolaíochta a chur ar fáil, a mbainfear úsáid as i ndá chóras phíolótacha rabhaidh ar Abha Mhór na Mumhan agus ar an tSiúr.

Seirbhís d'Ardchaighdeán

- Bhain An Rannóg Meicniúil & Leictreachais creidiúnú ISO 9001 amach i Lúnasa 2004.
- Choinnigh gach rannóg eile sna Seirbhísí Innealtóireachta, a raibh creidiúnú go leibhéal ISO 9001 bainte amach acu cheana, an stádas sin tar éis iniúchtaí a rinneadh orthu i 2004.
- Thosaigh An Rannóg Cothabhála Draenála ag ullmhú i gcomhair an chreidiúnaithe go leibhéal an ISO 18001 (Sláinte & Sábháilteacht).
- bhí ráta ard sástachta arís ag an gclár monatóireachta ó chliaint ar shástacht na gcustaiméirí sa Rannóg Cothabhála Draenála.
- Forbraíodh clár agus é d'aidhm leis creidiúnú a lorg ar scéim oiliúna Forbairt Leanúnach Ghairmiúil Institiúid Innealtóirí na hÉireann don fhoireann ghairmiúil agus theicniúil.

Seo a leanas mar a bhí príomhghníomhaíochtaí agus aschuir sna Seirbhísí Innealtóireachta i rith na bliana:

Cothabháil Draenála

	RÉIGIÚN AN OIRTHIR		RÉIGIÚN AN IARTHAIR		RÉIGIÚN AN IARDHEISCIRT		IOMLÁN	
	2003	2004	2003	2004	2003	2004	2003	2004
Príomhchainéil (km)	62	59	203	221	69	123	334	403
Mionchainéil (km)	819	869	549	536	552	523	1970	1928
Droichid deisithe	7	35	43	42	51	103	145	180
Athsholáthar Droichead	22	23	26	24	5	6	42	53
Iarratais ar fhorbairt droichead	57	131	17	142	33	78	165	351
Foireann Oibre (faoi 31 Nollaig)	119	120	98	98	73	72	287	291
Caiteachas ar chothabháil (€m)	4.6	5.9	4.3	4.9	4.4	4.6	13.3	15.4

Comhshaol

Clár don Chothabháil Draenála sa Chomhshaol: Leanadh, le cuidiú ón bPríomh-Bhord Iascaigh, den chlár leanúnach seo chun anailís a dhéanamh ar thionchar na draenála ar an gcomhshaol agus chun na modhanna is lú díobhála a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Leanadh freisin den chomhairliúchán leis an mBord Iascaigh Réigiúnach agus leis an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna & Fiadhúlra i dtaca le clár na n-oibreacha draenála de.

Innealtóireacht Mheicniúil

Ceannaíodh luach €0.7m de threalamh agus d'fheithiclí nua mar chuid den chlár leanúnach bainistíochta trealaimh.

I dteannta an aschuir a thacaigh le hoibríochtaí draenála na Seirbhísí Innealtóireachta m.sh. loc-chomhlaí, báid fhiailí agus araile a dhéanamh chuir na Lárcheardlanna Innealtóireachta roinnt tionscadal i gcrích d'aonaid ghnó eile Oifig na nOibreacha Poiblí agus do chomhlachtaí seachtracha eile ar a n-áirítear:

Teach Altamont Co. Cheatharlach: I rith na bliana críochnaíodh na ráillí atá ag dul síos ó na gairdíní chuig an tSláine.

Oifigí Réigiúnacha Tréidliachta: Rinneadh bíseanna saotharlainne as cruach dhomheirgthe

Trealamh d'Oifigí Tréidliachta

Ráillí Theach Altamont

Seirbhísí Hidreolaíochta & Hidriméadracha

Bailiú sonraí Hidriméadracha

Faoi dheireadh na bliana 2004, bhí sonraí á mbailiú i 347 stáisiún do thomhsaireacht hidriméadrach san iomlán ar fud na tíre (295 buan agus 52 a bhain le tionscadail).

Iarratais ar shonraí hidreolaíochta

Dheileáil an Rannóg le 256 iarratas san iomlán, ar shonraí nó ar fhaisnéis i 2004, rinneadh 90% díobh sin a phróiseáil taobh istigh de 7 lá tar éis iad a fháil. Cuirtear sonraí ar fáil freisin trí shuíomh Idirlín lántiomnaithe (www.opw.ie/hydro/home.asp).

Trealamh Tomhsaireachta

Críochnaíodh na socruithe a bhain le trealamh soifisticiúil tomhsaireachta a sholáthar a mbainfear úsáid as i gcóras píolótach rabhaidh tuilte.

Innealtóireacht Struchtúrtha

Tháinig leathnú ar an Rannóg seo sa bhliain 2004 nuair a rinneadh comhréimniú ar ais go hOifig na nOibreacha Poiblí ar cheathrar baill foirne a bhain leis an tSeirbhís Oidhreachta mar a bhíodh (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil). Dá thoradh seo tá roinnt tionscadal a bhaineann le maoine oidhreachta san áireamh i ngníomhaíochtaí na Rannóige seo anois. Tá an obair seo comhtháite go hiomlán i gCóras Bainistíochta Caighdeán ISO 9001 na Rannóige.

Ar na hoibreacha nua a dearadh taobh istigh sa Rannóg agus a críochnaíodh i 2004 tá:

Stáisiúin nua Gardaí i Ros Mhic Thriúin, Co Loch Garman, i Mainistir na Féile, Co. Luimnigh; saoráidí Páirce don Fhoireann i bhFaiche Stiabhna; Pailliún Iontrála i bPáirc Náisiúnta Chonamara;

Stáisiún Gharda Cósta na hÉireann, Trá Ros Láir agus leathnú ar Stáisiún Gardaí Dhún Dealgan agus Inis Díomáin

Is féidir achoimre mar seo a leanas a dhéanamh ar na cásanna a cuireadh tríd i rith na bliana:

TIONSCADAL/ GNÍOMHAÍOCHT	LÍON. AR LÁIMH 1/1/2004	TIONSCADAIL NUA I 2004	IOMLÁN	LÍON A CRÍOCHNAÍODH I 2004
Tógáil	27	4	36	11
Sibhialta & Struchtúrtha	0	7	7	0
Tuarascálacha	80	126	206	69

Bhí athchóiriú de loch saorga stairiúil i gCúirt Ioma san áireamh ar na tionscadail a bhain le hoidhreacht; dearadh 2 dhroichead coisithe i gcomhair Pháirc Náisiúnta Chill Airne agus uasghrádú ar ionad cóireála camrais Theach Mhucrois.

Meicniúil agus Leictreachas

Rinneadh athbhreithniú ar fheidhmiúchán na n-oibreacha cothabhála a ligeadh amach ar chonradh ar bhonn trialach.

Tá achoimre ar an aschur anseo thíos:

RÉIMSE OIBRE	LUACH IOMLÁN €M
Conarthaí Seirbhíse	3.5
Mionoibreacha/Cothabháil	8
Obair chothabhála Cláraithe	1.6
Oibreacha nua	22
Comhairle agus Monatóireacht	90

Clár Fóirithinte Tuilte

Tá Clár Scéimeanna Fóirithinte Tuilte de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí faoi bhainistíocht na Seirbhísí Innealtóireachta. Tá an clár ar bun ó 1995 agus bíonn na scéimeanna á bhfeidhmiú i gcomhar leis na húdaráis áitiúla cuí. De ghnáth déantar an obair faoi réir an Achta um Dhraenáil Artaireach 1945 agus faoi réir an Achta um Dhraenáil Artaireach (Leasaithe) 1995. Le blianta beaga anuas tá roinnt de na scéimeanna á bhfeidhmiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus í ag gníomhú mar ghníomhairí d'údaráis áitiúla faoi Chuid 8 de na Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001.

€15.4m an caiteachas a bhí ar Oifig na nOibreacha Poiblí i 2004 as na Tionscadail Fóirithinte Tuilte. Leanadh d'oibreacha tógála i dhá limistéar i 2004: i gCill Chainnigh mar a bhfuil an scéim faoi scáth na nAchtanna um Dhraenáil Artaireach, agus ar An Tulcha, atá tógtha idir lámha faoi scáth cumhachtaí údaráis áitiúil. B'ar an dá scéim fóirithinte tuilte seo a caitheadh 80% de bhuiséad na Fóirithinte Tuilte i 2004 mar ar caitheadh €9.7m i gCill Chainnigh agus €2.75m ar An Tulcha.

Scéim Chill Chainnigh

Tosaíodh ar na hoibreacha ar an Scéim Fóirithinte Tuilte ar An Fheoir (Cathair Chill Chainnigh) i mí Lúnasa 2001 agus tá siad ionann is críochnaithe anois. Dearadh an scéim sa chaoi is go mbeadh cosaint ann in aghaidh a leithéid sin de thuile is go mbeadh dóchúlacht de 1% ann go dtarlódh sí in aon bhliain ar bith.

Droichead Uí Uaine, Cill Chainnigh: síos an abhainn

John'Droichead Eoin, Cill Chainnigh: síos an abhainn Droichead Eoin, Cill Chainnigh: suas an abhainn

An Tulcha

Leanadh ar aghaidh leis na hoibreacha ar An Tulcha i 2004 i limistéir Chathair Átha Cliath, Fhine Gall agus na Mí. Trí obair dhíreach Oifig na nOibreacha Poiblí sa Réigiún Thoir i mBaile Átha Troim a rinneadh na oibreacha, tógáil ballaí agus claífort, Cora na Drioglainne a bhaint as, agus an abhainn a leathnú i limistéar Chathair Átha Cliath. Ar na hoibreacha a rinneadh i gCo. na Mí bhí athsholáthar dhroichead Bhóthar Mhaigh Nuad, tógáil claífoirt agus seanDroichead Radharc an Chaisleáin a bhaint anuas agus a athchóiriú. Tógadh claífoirt i bhFine Gall feadh bhóthar an N3, ar Bhóthar Herbert agus ag Páirc Ghnó Westpoint. Tá a thuilleadh oibreacha leagtha amach do na 3 limistéar do 2005.

Tugtar achoimre ar an gClár Fóirithinte Tuilte do 2004 thíos.

SCÉIM	STÁDAS	CAITEACHAS €
Cill Chainnigh	I ndáil le bheith críochnaithe	9,711,243
Tolka (Dublin)	Cuid 2 críochnaithe	1,020,082
Tolka (Meath)	An tEatramh agus Cuid 1 críochnaithe	986,809
Tolka (Fingal)	An Chéad Chuid de na hOibreacha críochnaithe	717,297
Clonmel	Cuid 1 ar bun	222,218
Mallow	Dearadh de Chuid 1 críochnaithe. Tógáil Márta '05	1,374,019
Waterford	An Scéim atá Molta ar Taispeáint	51,287
Carlow	An Scéim atá Molta ar Taispeáint	44,278
Ennis	Dearadh ar bun. Ar Taispeáint Aibreán '05	0
Fermoy	Ar Taispeáint Fómhar '05	60,350
Templemore	Staidéar Féidearthachta ag leanúint ar aghaidh. Ar Taispeáint lár-2005	202,052
Tullow	Staidéar Féidearthachta ag leanúint ar aghaidh	54,573
Mornington	Ar Taispeáint Aibreán '05	16,315
Flood Mapping Project	Cuid 1 ar bun	618,264
Miscellaneous		313,345
IOMLÁN		15,392,132

An Áisíneacht Soláthairtí Rialtais

Seirbhís Soláthair

Soláthraíonn an Áisíneacht Soláthairtí Rialtais seirbhís lárnaithe soláthair i margaí atá géillsineach do chomhbhailiúchán do Ranna agus d'Oifigí Rialtais. Is iondúil gur nithe de chineál tráchtearraí iad na hearraí agus na seirbhísí seo a bhíonn ar fáil ó mhargaí phríomhsholáthair. Nithe iad a bhíonn in úsáid go coitianta ar fud an Stáit agus is minic lear mór díobh a bheith in úsáid.

Ba €52,439,340 luach na n-earraí agus na seirbhísí ar bhain na Ranna arbh Chliaint iad úsáid astu trí chonarthaí na hÁisíneachta Soláthairtí Rialtais. Tá briseadh síos in aghaidh an mhargaidh léirithe sa tábla seo a leanas.

MARGADH	LUACH (€)
Feithiclí & Trealamh Iompair	13,423,651
Clódóireacht agus Leabharcheangal	11,731,965
Breoslaí (Leacht, Gás agus Dlúthbhreoslaí)	9,969,035
Cultacha & Éadach	5,215,448
Páipéarachas & Soláthairtí Oifige	5,188,033
Seirbhísí Fógraíochta	3,937,264
Soláthairtí Airíochta	1,693,364
Trealamh Ord Poiblí	756,475
Coisbheart	314,146
Trealamh Cosanta Pearsanta	209,959
Iomlán	52,439,340

Foilseacháin

Lean Seirbhís Fhoilseachán Rialtais na hÁisíneachta uirthi ag soláthar rochtana chuig foilseacháin Rialtais tríd an siopa miondíola atá againn i Sráid Theach Laighean agus ar phos-tordúcháin. Ba €1,005,969 luach an líon díolacháin don bhliain 2004.

Seirbhísí Toghcháin

Bhí an Áisíneacht Soláthairtí Rialtais i mbun bainistíochta ar tháirgeadh na bpáipéar ballóide i gcomhair Pharlaimint na hEorpa, toghcháin an Rialtais Áitiúil agus an reifreann ar an 27ú leasú ar bhille bunreachta 2004 um Shaoránacht Éireannach, sa bhliain 2004. Tá Seirbhísí Toghcháin ag leanúint dá gcuid oibre leis an Roinn Comhshaoil i dtaca le forbairt agus tástáil na gcóras vótála leictreonaí.

Iris Oifigiúil

Foilsíonn Áisíneacht Soláthairtí Rialtais an Iris Oifigiúil, Gazette an Rialtais, faoi dhó sa tseachtain. Tá leagan ldirlín den Iris Oifigiúil le fáil freisin agus is féidir teacht uirthi ag www.irisoifigiuil.ie. Cuireadh tús le seirbhís fógraíochta socrúcháin ar líne i 2004.

Brú na Bóinne

Seirbhísí Oidhreachta

Maoine Stairiúla

Aistríodh freagracht feidhme na hOidhreachat Tógtha chuig Oifig na nOibreacha Poiblí le héifeacht ón 1 Eanáir 2004 ach fágadh freagracht ó thaobh gnéithe polasaí (lena n-áirítear maoiniú caipitil) faoin Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Tá na Maoine Stairiúla freagrach as caomhnú, bainistiú, láithreachas agus forbairt a dhéanamh ar níos mó ná 20 Maoin Stairiúla lena n-áirítear Tithe, Páirc agus Gairdíní Stairiúla. Áirítear orthu sin maoine d'ardchlú maille le Páirc an Fhionnuisce, Garraithe Náisiúnta na Lus, Caisleán Chill Chainnigh, Teach Bhaile an Chaisleáin agus Crannlann JFK.

Áirítear leis an obair fhorbartha foirgnimh stairiúla a athchóiriú, foráil d'áiseanna feabhsaithe don chuairteoir, uasghrádú agus athchóiriú a dhéanamh ar ghairdíní agus ar chrannlanna stairiúla agus léirmhíniú agus láithreachas a dhéanamh ar na maoine stairiúla sin don phobal.

I dteannta an chaitheachais reatha a bhain le foireann agus le cothabháil na maoine sin, chuir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú caipitil ar fáil chomh maith. Mhaoinigh Vóta Oifig na nOibreacha Poiblí clár leathan a bhain le hoibreacha cothabhála ar scála beag, feabhsúcháin, caomhnaithe agus sláinte agus sábháilteachta, chomh maith le hinnealra a chur ar fáil sa bhliain 2004.

Garraithe Náisiúnta na Lus, Baile Átha Cliath

Críochnaíodh obair athchóirithe ar Theach Palm, foirgneamh uathúil seacht stór a tógadh i lár na naoú haoise déag, in earrach na bliana 2004 agus d'oscail an Taoiseach an foirgneamh go hoifigiúil sa Bhealtaine 2004. Chomhlíon críoch an tionscadail mhóir seo clár móroibreacha infreastruchtúir a bhí leagtha amach i bPlean Bainistíochta Gharraithe Náisiúnta na Lus a foilsíodh i 1992. Bhain athchóiriú cruinn choimpléasc Theach Palm lenar áiríodh na tithe gloine a bhaint ó chéile, iad a dheisiú agus iad a chur ina seasamh arís leis an tionscadal a mhair dhá bhliain. Áiríodh leis na feabhsúcháin córas nua teasa, aerála, agus ceocháin (smacht taiseachais) in éineacht. Ba í an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a mhaoinigh an tionscadal agus bhí sé san áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta reatha.

Páirc Réigiúnach Ghleann na Life, Leamhcán

Cheannaigh an Stát Diméin Leamhcáin sa bhliain 1996 agus é mar aidhm aige Páirc Réigiúnach Ghleann na Life a bhunú a mbeadh na trí Údarás Áitiúla ábhartha ábalta a leathnú sa todhchaí. Tá sé aontaithe ag na trí Údarás an suíomh a bhainistiú agus a chothabháil go comhoibreach mar aonán singil agus d'aontaigh siad ar chlár comhaontaithe oibreacha lena forbairt. D'fhonn é sin a chur i gcrích, ceadaíodh maoiniú de €4.7 milliún thar thréimhse trí bliana. Rinne na hÚdaráis Áitiúla an-dul chun cinn i gcur i bhfeidhm an chláir oibreacha sin le linn 2004. Mhaoinigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an tionscadal sin faoin bPlean Forbartha Náisiúnta reatha chomh maith.

Páirc an Fhionnuisce

Rinneadh oibreacha móra ar dhromchla an phríomhbhóthair a théann trí Pháirc an Fhionnuisce, Ascaill Chesterfield, sa bhliain 2004. Chómhaoinigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an tionscadal. Dréachtaíodh tionscadal chun athnuachan cuimsitheach a dhéanamh ar an ascaill sin agus beifear ag lorg cead pleanála dó go gairid. Tá réimse éagsúil de ghnéithe sábháilteachta i gceist leis an scéim sin a rachaidh chun tairbhe d'úsáideoirí na Páirce agus tá sé mar chuspóir an scéim a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe thar líon áirithe blianta.

An Blascaod Mór, Co. Chiarraí

Ó tharla gur thit an tAcht um Páirc Náisiúnta Stairiúil an Bhlascaoid Mhóir 1989 as a chéile, tosaíodh ar phróiseas comhairliúcháin maidir le todhchaí an Oileáin chun geallsealbhóirí an Oileáin agus páirithe ábhartha eile a thabhairt le chéile. Tháinig na trí shaincheist maidir le rochtain, caomhnú agus leibhéal inghlactha forbartha chun cinn sa phróiseas. Mar chuid den phróiseas bunaíodh Grúpa Bainistíochta, ar a raibh ionadaithe ó na húinéirí talún, ón Údarás Áitiúil, ón Roinn Comhshaoil, ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus ó Oifig na nOibreacha Poiblí. Rinne an grúpa sin an-dul chun cinn óna chéad chruinniú sa bhliain 2002 agus críochnaíodh dréachtPhlean Bainistíochta don Oileán i Meán Fómhair 2004. Tá a n-ainmneacha curtha ag formhór na n-úinéirí talún leis an bPlean seo cheana féin.

Fuarthas cead an Rialtais i bprionsabal sa bhliain 2002 do chaiteachas de €8.5 milliún chun gabháltais ar an Oileáin a cheannach, chun an ché ag Dún Chaoin a fheabhsú agus chun cé nua a thógáil ar an Oileán agus áiseanna (ar scála beag) don chuairteoir a chur ar fáil.

Ba é an cuspóir a bhí leis faomhadh na Roinne Comhshaoil a dhaingniú chun leanúint leis an gcéad chuid de na moltaí sa bhliain 2005 viz. talamh an oileáin a cheannach ar chostas €1.7 milliún agus ansin dul ar ais chuig an Rialtas faoin gcuid eile de na moltaí. Ach tá sé beartaithe anois, mar chéad chéim, ag an Roinn Comhshaoil dul ar ais chuig an Rialtas faoin bpacáiste iomlán.

Cúirt Ioma, Co. Laoise

Tionóladh an tAonach Tuaithe den chéad uair ar thalamh Chúirt Ioma sa bhliain 2004 agus d'éirigh go han-mhaith leis. Tionólfar ansin arís é i Meitheamh na bliana 2005.

Cúirt Dhún ar Aill, Co. Chorcaí

Aistríodh an mhaoin oidhreachta thógtha seo go foirmiúil ón Roinn Comhshaoil go dtí Oifig na nOibreacha Poiblí i Meán Fómhair 2004.

EOLAS AIRGEADAIS	€000	€000
	2003	2004
Foireann	7,493	9,751
Costais Reatha Neamhphá	3,732	3,605
Cothabháil	3,391	1,637
Iomlán	14,616	14,993

Cuirtear an maoiniú do mhórthionscadail chaipitil ar fáil ó Vóta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Séadchomharthaí Náisiúnta

Airgeadas

Fo-mhírcheann I2

Caitheadh €16,390,151.92 sa bhliain 2004 as an bhFo-mhírcheann I2. (Caitheadh €10,645,634.70 dó ar PHÁ agus caitheadh an €5,744,517.22 a bhí fágtha ar NEAMHPHÁ).

Oibreacha/Seirbhísí don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil –

Chaith Séadchomharthaí Náisiúnta Oifig na nOibreacha Poiblí €1,211,119.50 sa bhliain 2004 ar oibreacha/ar sheirbhísí ar son na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Baineann an caiteachas seo le suiteáil/le huasghrádú na dtaispeántas closamhairc agus na dtaispeántas ar láithreacha séadchomharthaí náisiúnta atá faoi chúram an Stáit; feidhmiú scéim phrintíseachta atá dírithe ar bhunús scileanna a fhorbairt i scileanna caomhnaithe sa tógáil thraidisiúnta; agus líon áirithe de thionscadail chaomhnaithe ar láithreacha séadchomharthaí náisiúnta.

Gníomhaíochtaí

An Muileann Dubh, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann

Osclaíodh an Muileann Dubh i Ros Cré don phobal le linn an tsamhraidh tar éis clár ceithre bliana d'oibreacha athchóirithe a chríochnú. Rinneadh athchóiriú mór ar an muileann agus tá Crois Chrónáin, crois ard ón dara haois déag le feiceáil ann. Crois í seo arbh éigean í a lonnú taobh istigh de bharr go raibh imní faoina buanchoimeád. Is féidir Crois Chrónáin a fheiceáil ó thaobhanna éagsúla ó bhalcóin sa mhuileann nuachóirithe. Cuireadh leathcheann na croise ar sheanláthair na croise. Tá an Muileann Dubh á chur os comhair an phobail mar chuid de choimpléasc Oidhreacht Ros Cré ar a n-áirítear Caisleán Ros Cré agus Teach Damer.

Ba faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000 – 2006 a maoiníodh an tionscadal sin.

Caisleán na Fearna, Co. Loch Garman

D'oscail an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa Ionad Cuairteoirí agus Taispeántas Taipéise Chaisleán na Fearna i mí Iúil. Tá an tIonad Cuairteoirí Ionnaithe le taobh an chaisleáin, a tógadh sa tríú haois déag. Tá dearadh stua ar an ionad cuairteoirí chun geoiméadracht thúir an chaisleáin a léiriú agus úsáideadh na hábhair nádúrtha cloch, adhmad agus sclátaí nuair a tógadh é. Chomh maith le seirbhís treorach a chur ar fáil, is san fhoirgneamh fáilte atá Taispeántas Taipéise Fhearna ina bhfuil 25 painéal aonaracha a bhaineann le stair Fhearna. Ba é Grúpa Taipéise Fhearna a rinne na taipéisí. Grúpa pobail áitiúil atá sa ghrúpa a bunaíodh i 1997 ag a raibh sé mar aidhm stair Fhearna a inseacht i ngreamanna.

Ba faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000 – 2006 a maoiníodh an tionscadal sin.

Achaidh Chéide,
Countae Mhaigh Eo.

Saoráidí don Chuairteoir ar Inis Chathaigh

D'oscail an tUas. Tom Parlon, T.D., Aire Stáit, na saoráidí don chuairteoir ar Inis Chathaigh, Cill Rois, Co. an Chláir go foirmiúil i mí Iúil. Tá Inis Chathaigh thart ar 2.5 ciliméadar amach ó Chill Rois agus is ansin atá an mhainistir a bhunaigh Naomh Seanán go luath sa séú haois, agus tá cloigtheach agus roinnt mhaith teampall ann.

Thréig an chuid deireanach de na hoileánaigh Inis Chathaigh sa bhliain 1978 agus ina dhiaidh sin sa bhliain 1991 cheannaigh an Stát an t-oileán le cabhair ó Fhorbairt Phobail Bhaile Chill Rois Teo., Forbairt na Sionainne agus Comhairle Contae an Chláir. Is éard atá i gceist go príomha leis na saoráidí nua don chuairteoir ná teachín a bhí ann cheana féin agus é cóirithe mar ionad fáilte do chuairteoirí agus mar ionad eolais. Is féidir le cuairteoirí a thagann den bhád eolas a fháil sa bhfoirgneamh fáilte do chuairteoirí. Chomh maith leis sin tógadh cosán a shíneann chomh fada le Teampall Seanán, Leaba Sheanán, Mainistir Sheanán, Cnoc na nAingeal agus Teampall na Marbh.

Tugadh timpeallacht agus draíocht an oileáin san áireamh sa dearadh a rinneadh ar na saoráidí nua do chuairteoirí agus taispeánann sé meas ar thábhacht an oileáin mar shéadchomhartha náisiúnta. Táthar ag súil go meallfaidh na saoráidí nua cuairteoirí chuig an oileán.

Ba faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000 – 2006 a maoiníodh an tionscadal sin.

Teach Chogadh Ghorta 1848, Baile an Gharraí, Co. Thiobraid Árann

D'oscail an tUas. Tom Parlon, T.D., Aire Stáit Teach Chogadh Ghorta 1848 go hoifigiúil i mí Iúil tar éis d'Oifig na nOibreacha Poiblí tionscadal a bhain le mórchaomhnú agus le hathchóiriú a chríochnú. Ba thart ar Theach an Chogaidh, foirgneamh mór dhá stór a tógadh thart ar an mbliain 1844, a tharla Éirí Amach na nÉireannach Óg 1848, am an Ghorta Mhóir. Insítear scéal an Ghorta agus an Éirí Amach agus triail na gceannairí, a ndaoradh go príosún agus go deoraíocht i dTalamh Van Diemen (ar a nglaotar An Tasmáin san Astráil, anois) i nuathaispeántas buan de chuid an Stáit atá istigh sa teach. Tá an tÉirí Amach ar cheann de na hócáidí is mó a ndéantar trácht air i stair na hÉireann agus úsáideadh cuntais na rannpháirtithe – reibiliúnaithe sna póilíní agus leanaí a bhí sa teach – síos tríd an taispeántas.

Cheannaigh an Stát Teach Chogadh Ghorta 1848 sa bhliain 1998 nuair a bhí comóradh 150 bliain an Éirí Amach á cheiliúradh. Ag an am chuir an Taoiseach, Bertie Ahern T.D. síos ar an teach mar shéadchomhartha tábhachtach stairiúil agus dúirt gur cuid dár n-oidhreacht náisiúnta é. Dhearbhaigh sé chomh feiliúnach is atá sé taispeántas buan a bheith sa Teach.

Ba faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000 – 2006 a maoiníodh an tionscadal sin.

An Príomhgharda, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann

D'oscail an tAire Parlon Príomhsheomra sa Phríomhgharda i gCluain Meala san Aibreán. Ba é athchóiriú an Phríomhsheomra an chéim dheireanach sa tionscadal caomhnaithe a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí sa Phríomhgharda. Ba é Séamas de Buitléir, Diúc Urmhumhan a thóg an Príomhgharda sa bhliain 1675 mar theach cúirte don Phalaitíneacht nó ceantar riaracháin Chontae Thiobraid Árann. Ina dhiaidh sin úsáideadh mar bheairic é agus mar shuíochán do chúirteanna an tseisiúin go dtí 1803. Ó 1810 ar aghaidh rinneadh athmhúnlú mór ar an bhfoirgneamh agus baineadh úsáid eile as. Rinneadh siopaí den stuara stua oscailte, rinneadh íoslach a thochailt agus cuireadh urláir bhreise síos. Cuireadh an Príomhgharda faoi chúram an Stáit sna 1980adaí agus tugadh faoi mhórchlár athchóirithe ina dhiaidh sin a bhí maoinithe ar dtús ag Clár Feidhme Turasóireachta an AE 1994-1999 agus ansin ag an bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

Tá an foirgneamh anois mar a bhí sa seachtú haois déag, le stuara oscailte ar aghaidh na sráide. Cuirtear na saoráidí nua-aimseartha ar fáil i dtógáil nua, ina bhfuil fáiltiú, staighrí rochtana agus ardaitheoir, agus leithris agus áiseanna don fhoireann ag an gcúl agus ag an taobh. Baineann an taispeántas nua a lonnaíodh sa Phríomhsheomra, a d'oscail an tAire Parlon go hoifigiúil, le fionnachtain an fhoirgnimh, le taighde a rinneadh sna 1990adaí agus le caomhnú agus le hathchóiriú an fhoirgnimh.

Seirbhísí Cuairteoirí

Príomhfheidhm de chuid na Seirbhísí Oidhreachta, in Oifig na nOibreacha Poiblí is ea caomhnú agus cur i láthair láithreacha na hoidhreachta tógtha atá faoina gcúram. Tháinig os cionn 700 láthair dá leithéid ar ais faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí le héifeacht ó Eanáir 2004. Caomhnaíodh, ach go háirithe, os cionn 60 de na láithreacha trí imlonnú Treoraithe nuair ba ghá sin a dhéanamh lena gcaomhnú a chinntiú nó lena chinntiú go raibh ar chumas an phobail cuairt a thabhairt ar na láithreacha go slán sábháilte. Cuireadh le buíon na dTreoraithe buana nuair a earcaíodh thart ar 300 Treoraí ar bhonn séasúrach. Ba chruthúnas ar an tarraingt sheasmhach a bhí ag na láithreacha líon na gcuairteoirí, 2.098 milliún san iomlán, a d'íoc agus a thug cuairt ar na láithreacha i 2004.

Comhlíonadh oibleagáidí na seirbhíse don chustaiméir trí shuirbhéanna a dhéanamh ar na cuairteoirí a thug cuairt ar láithreacha roghnaithe ar leith i 2004. Dhearbhaigh na suirbhéanna seo rátaí arda sástachta le Treoraithe agus na turais a thug siad ó thaobh iad a bheith fáilteach, cuiditheach agus bhain roinnt mhaith de na láithreacha ráta sástachta de 9.2 as 10 amach. Éilíonn sainPhrionsabal na Seirbhíse d'Ardchaighdeán don Chustaiméir go mbeidh cur chuige forghníomhach ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus go soláthraíonn sí faisnéis atá soiléir, pointeáilte agus cruinn; atá ar fáil ag gach aon cheann de na pointí teagmhála agus a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaoine a bhfuil riachtanais ar leith acu. D'fhonn an riachtanas seo a chomhlíonadh i dtaca le Seirbhísí Oidhreachta de cuireadh bróisiúir d'ardchaighdeán ar fáil i nGaeilge, i mBéarla, i bhFraincis, i nGearmáinis, i Spáinnis agus in Iodáilis a thug amanna oscailte na láithreacha a bhí faoi fhoireann, na háiseanna a bhí ar fáil ar an láthair agus na táillí iontrála a bhí le híoc. Scaipeadh bróisiúir ar na láithreacha a bhí faoi fhoireann agus scaipeadh freisin iad trí ghréasán na nOifigí Eolais do Thurasóirí atá á fheidhmiú ag na hÚdaráis Réigiúnacha Turasóireachta. Lena chois sin cuireadh faisnéis faoi na láithreacha faoi fhoireann ar fáil ar shuíomh gréasáin aonfheidhme fógraíochta – heritageireland.ie. Tá ról fíorthábhachtach ag na láithreacha oidhreachta atá á mbainistiú agus á gcur i láthair ag Seirbhísí Oidhreachta Oifig na nOibreacha Poiblí i dtionscal turasóireachta na hÉireann. Agus iad i mbun seachadta a misin chuaigh Seirbhísí Cuairteoirí i gcomhairle go rialta le Fáilte Éireann, le Turasóireacht Éireann, le Gníomhaireachtaí Stáit agus le páirtithe leasmhara eile i seachadadh agus i bhfeabhsú a seirbhísí oidhreachta.

B'iomaí ardmholadh a fuarthas le linn na bliana 2004 as na caighdeáin arda atá ag cur i láthair láithreach oidhreachta faoi bhainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí. Ceann díobh sin ab ea gur roghnaigh Turais Idirnáisiúnta CIE an tIonad Cuairteoirí i gCluain Mhic Nóis le gradam a bhronnadh air mar chuid de Ghradaim Náisiúnta mórchlúiteacha Barr Feabhais 2004.

Seirbhísí Corparáideacha

Seirbhísí Pearsanra

Soláthraíonn Rannóg Pearsanra Oifig na nOibreacha Poiblí seirbhís tacaíochta d'eagraíocht mhór ilghnéitheach ilshuímh. Rinneadh a thuilleadh leathnaithe ar na gnéithe seo nuair a aistríodh feidhmeanna a bhain leis na Séadchomharthaí Náisiúnta, leis na Maoine Stairiúla agus araile a bhí faoi chúram na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, go rathúil go dtí Oifig na nOibreacha Poiblí.

De bharr na héagsúlachta atá sa chineál oibre a dhéanann Oifig na nOibreacha Poiblí tá réimse leathan ábaltachtaí agus scileanna ag an bhfoireann rud a fhágann go bhfuil an cumas san fhoireann oibre, de thart ar 2000 duine, go mbeifí ábalta cainéal draenála a thochailt d'fhonn tuilte a mhaolú, maisiúchán na Leabharlainne Náisiúnta a athchóiriú go cúramach lena n-áirítear creatlach adhmaid Carlo Cambi nó leaba bláthanna a chur go séasúrach i bhFaiche Stiabhna chomh maith le go leor tascanna agus tionscnaimh dhúshlánacha eile, a dhéanamh.

Sa bhliain 2004 ba é dúshlán suntasach na Rannóige Pearsanra leanúint de sholáthar ghnáthréimse na seirbhísí don ghrúpa leathan foirne sin agus ag an am céanna dul i ngleic leis na hathruithe a tharla de bharr fhreagracht na bhfeidhmeanna nua, na ndúshlán eagraíochtúil a d'eascair as an dílárú agus an chastacht a bhaineann le dlí fostaíochta agus saincheisteanna aonaracha atá ag teacht chun solais. Ina theannta sin sa bhliain 2004 chuir an Rannóg Pearsanra tús leis an athrú ón ról traidisiúnta ó fheidhm Phearsanra go feidhm Acmhainní Daonna a éascú agus bhí obair leanúnach le linn na bliana 2004 leis an Aonad Polasaí agus leis an bhFoghrúpa Comhpháirtíochta d'fhonn Straitéis Acmhainní Daonna a fhorbairt d'Oifig na nOibreacha Poiblí.

Aonad na hEagraíochta

Tá ról lárnach ag Aonad na hEagraíochta, agus é mar chuid de na Seirbhísí Corparáideacha, in Oifig na nOibreacha Poiblí. Soláthraíonn agus cothaíonn sé infreastruchtúr Theicneolaíocht na Faisnéise, na teileachumarsáide agus trealaimh oifige a bhíonn mar bhunchloch ag gníomhaíochtaí sa chuid eile den Oifig. Cuireadh athruithe suntasacha i bhfeidhm san Aonad sa bhliain 2004, a leanfaidh i 2005 le béim leanúnach ar athbhreithniú feidhmiúcháin agus ar na spriocanna oibre a bhaint amach.

Bhíothas dírithe go príomha sa bhliain 2004 ar chur i bhfeidhm na dtionscnamh agus na seirbhísí a leagadh amach sa Phlean Gnó, a cheadaigh grúpa Úsáideoirí Theicneolaíocht na Faisnéise.

Tugann siad seo a leanas léiriú ginearálta ar na príomhréimsí oibre a chríochnaigh Aonad na hEagraíochta sa bhliain 2004:

1. Tionscnaimh agus Córais

Áirítear le roinnt de na tionscnaimh:

- Córas comhairliúcháin phleanála ar líne
- Córas mapála do bhaol tuilte
- Córas Uachtaránacht an AE
- Córas lárnach clárlainne do rianú comhad

2. Seirbhísí

Tugann an tábla a leanann léiriú ar an scála seirbhísí a soláthraíodh le linn 2004:

CUR SÍOS	MÉID
Suímh a tacaíodh	120
Ríomhairí & Ríomhairí Glúine a tacaíodh	Tuairim is 950
Freastalaithe a tacaíodh	Tuairim is 60
Printéirí a tacaíodh	Tuairim is 180
Feidhmchláir Bhogearraí	Tuairim is 120
Fóin phóca a tacaíodh	Tuairim is 600
Fotachóipeálaithe	Tuairim is 130
Meaisíní Faics	Tuairim is 140

3. Uasghrádú agus feabhsúcháin ar Infreastruchtúr

Rinneadh uasghrádú agus feabhsúcháin suntasacha ar an Infreastruchtúr Líonra le linn 2004. Go háirithe ath-lánpháirtiú de shuímh iargúlta Oifig na nOibreacha Poiblí chuig Líonra Príobháideach Fíorúil an Rialtais agus lánpháirtiú iarláithreacha Dhúchas go dtí Líonra Oifig na nOibreacha Poiblí. Ina theannta sin, rinneadh uasghrádú mór ar chóras fóin Oifig na nOibreacha Poiblí, lena n-áirítear athfheistiú glórphoist.

Scaipeadh feistí do chomhbhrú sonraí Peribit trí Líonra Achair Fhairsing Oifig na nOibreacha Poiblí d'fhonn feidhmiúchán líonra a mhéadú.

4. Athstruchtúrú Theicneolaíocht na Faisnéise ar Aonad na hEagraíochta

Rinneadh athstruchtúrú ar Aonad na hEagraíochta sa bhliain 2004 chun freastal ar na freagrachtaí breise a glacadh mar chuid de lánpháirtiú Dhúchas. Rinne an t-athstruchtúrú alíniú ar fheidhmeanna na cumarsáide sonraí agus na teileafónaíochta de réir chlaontaí thionscadal Theicneolaíocht na Faisnéise. In Eanáir na bliana 2003 d'ullmhaigh comhairleoirí tuarascáil ar fheidhm Theicneolaíocht na Faisnéise laistigh d'Oifig na nOibreacha Poiblí agus d'eascair Plean Gnímh 10 bpointe as sin a leag amach conas mar a chuirfí na príomh-mholtaí i bhfeidhm.

Áirítear foirmlithe de mhodheolaíocht Bhainistíocht Tionscadal Thionscadal Theicneolaíocht na Faisnéise agus cruthú de Chomhaontú Leibhéil Seirbhísí do sheachadadh seirbhísí a bhaineann le Teicneolaíocht na Faisnéise in Oifig na nOibreacha Poiblí le torthaí an Phlean Ghnímh.

Áiríodh chomh maith leis an bPlean Gnímh breisiú de Dheasc reatha Cabhrach Theicneolaíocht na Faisnéise in Oifig na nOibreacha Poiblí chun fócas níos dírí agus níos láithrí a tharraingt ar an gcustaiméir inmheánach.

Mhol na comhairleoirí chomh maith go gcuirfeadh Aonad na hEagraíochta tús le clár feasachta ar Theicneolaíocht na Faisnéise laistigh d'Oifig na nOibreacha Poiblí. Foilsíonn Aonad na hEagraíochta eolas go rialta ar fhorbairtí Theicneolaíocht na Faisnéise ar a shuíomh Inlín agus faoi láthair eagraíonn sé seisiúin eolais don fhoireann ar theicneolaíochtaí nua. Cuirfear léiriúcháin dá leithéid ar fáil sa bhliain 2004.

5. Achoimre

Mar achoimre tá an obair a dhéantar laistigh d'Aonad na hEagraíochta fairsing agus éagsúil araon, agus tá sí riachtanach d'fheidhmiú Oifig na nOibreacha Poiblí. De bharr uirlisí nua tuairiscithe a bheith ceannaithe tá sé ar ár gcumas anailís a dhéanamh ar chórais agus fadhbanna poitéinsiúla a réiteach sula bhfaighfidh siad níos tromchúisí.

Rannóg na Seirbhísí Dleathacha

Sa bhliain 2004 lean na Seirbhísí Dleathacha leis an idirchaidreamh le Gníomhaireacht Éileamh an Stáit i dtuairisciú timpistí agus ag soláthar cáipéisíocht athleanúna de réir an Phrótacail ar ar aontaigh an dá eagraíocht sa bhliain 2002.

B'fhoireann dlíodóirí ar bhonn conartha a rinne bainistíocht ar fhoráil chomhairle dlí na hOifige suas go dtí Deireadh Fómhair 2003. Ag deireadh an chonartha, socraíodh ar chomhaontú le hOifig Phríomh-Aturnae an Stáit ar fhoráil réimse iomlán seirbhísí dleathacha a bhí riachtanach d'Oifig na nOibreacha Poiblí. Roghnaíodh painéal dlíodóirí de thoradh próiseas tairisceana agus agallamh agus aontaíodh ar Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse a bhaineann leis na nósanna imeachta ar ghá don dá pháirtí iad a leanúint agus síníodh an Comhaontú le hOifig Phríomh-Aturnae an Stáit ina dhiaidh sin. Forálann an Comhaontú Leibhéil Seirbhíse d'athbhreithniú rialta ar an tseirbhís a mbeifear á soláthar.

Lean na Seirbhísí Dleathacha ag gníomhú mar Rúnaí na Cuideachta ag an dá chuideachta arna fhaighte ó Oifig na nOibreacha Poiblí, Colmstock Properties Limited agus Public Property Development Limited agus thosaigh siad an próiseas foirceannta ar lean leachtú an dá chuideachta dá thoradh. Ina theannta sin soláthraíonn na Seirbhísí Dleathacha na seirbhísí riaracháin chuig Iontaobhas Bhaile an Bharóidigh agus Ionad Guthrie Thír Eoghain, Annaghmakerrig.

An tAonad um Shaoráil Faisnéise

Lean láimhseáil chumasach éifeachtach d'iarratais um Shaoráil Faisnéise a bheith mar thosaíochtaí le linn 2004. Ba 40 líon iomlán na n-iarratas a cuireadh i gcrích le linn na bliana agus nuair ba ghá, tugadh gach cúnamh d'éilitheoirí i ndáil le rochtain chuig taifid gan iarratas foirmiúil um Shaoráil Faisnéise a dhéanamh.

Tugadh an Treoir maidir le Feidhmeanna, Taifid, Rialacha agus Nósanna Imeachta na hOifige, atá riachtanach faoi Ailt 15 agus 16 den Acht um Shaoráil Faisnéise atá le fáil ar shuíomh gréasáin Oifig na nOibreacha Poiblí cothrom le dáta. Leathnaíodh rannóg an Aonaid um Shaoráil Faisnéise den Inlíon chun Decision Maker's Manual agus treoir de na heisceachtaí is comónta a úsáidtear i ndéanamh an chinnidh in iarratas um Shaoráil Faisnéise a thabhairt san áireamh. Taispeántar teimpléad de litir den chinneadh chomh maith.

Déantar ionadaíocht ar an Aonad um Shaoráil Faisnéise ag cruinnithe de Líonra Úsáideoirí na Státseirbhíse agus den Ghrúpa Oibre Idir-Rannaí i ndáil lena thiomantas do scothchleachtas agus do chomhlíonadh fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise. Cuireann na líonraithe seo fóram ar fáil ina bhféadfaí cásanna a phlé le comhghleacaithe ó Ranna agus ó Oifigí eile sa Státseirbhís agus cuidíonn siad le forbairt iomlán éitis um Shaoráil Faisnéise.

Réitíodh Prótacal ar Bhainistíocht iarratais um Shaoráil Faisnéise ó na meáin d'fhonn cleachtas bunaithe san Oifig a atreisiú. Leagann an Prótacal seo amach an fhrámaíocht ina gcaithfear déileáil le gach iarratas um Shaoráil Faisnéise a fhaightear ó na meáin a chur i gcrích.

Mar thoradh ar athrú agus ar ardú céime san fhoireann rinneadh cinneadh a thuilleadh Cinnteoirí agus Athbhreithneoirí Inmheánacha a cheapadh. Shínigh an Cathaoirleach Ordú Maolaithe a thugann údarás do gach ball foirne ó ghrád an Oifigigh Feidhmiúcháin suas, a bheith ceapaithe mar Chinnteoirí, agus do gach ball foirne ó ghrád an Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin suas, a bheith ceapaithe mar Athbhreithneoirí Inmheánacha. Socrófar oiliúint sa bhliain 2005.

Tugann an tábla seo a leanas achoimre ar ghníomhaíocht um Shaoráil Faisnéise le linn na bliana. B'iarratais ó ghrúpaí gnó formhór na n-iarratas um Shaoráil Faisnéise a fuarthas.

Iomlán na nIarratas a fuarthas	40
Iriseoirí	5
Gnó	25
Baill an Oireachtais	3
Baill Foirne	1
Eile	6

An tAonad Oiliúna

Chuir foireann thionsclaíoch neamh-bhunaithe an Stáit ar ar cuireadh oiliúint le linn na bliana a chuaigh roimhe, an Córas saincheaptha Forbartha agus Bainistíochta Feidhmiúcháin i bhfeidhm. Cuireadh oiliúint ar an gCóras Forbartha agus Bainistíochta Feidhmiúcháin ar fáil do thuairim is 500 ball foirne i réimse na hOidhreachta le linn 2004 agus táthar á chur seo i bhfeidhm faoi láthair.

San áireamh sna cúrsaí a thug an tAonad Oiliúna bhí cúrsaí ríomhaireachta in Word agus Excel ag bonnleibhéal, meánleibhéal agus ardleibhéal, Scileanna Méarchláir, AutoCad agus Anailís Córais. Áiríodh leis na Scileanna Cumarsáide Treallús san ionad oibre, Scileanna Agallaimh agus Scileanna Cur i Láthair. Ba 600 an líon daoine a d'fhreastail ar na cúrsaí.

Tionóladh Cúrsa Ionduchtúcháin do bhaill nua agus d'fhreastail 13 ball foirne atá ag éirí as ar Chúrsa Scoir.

Thapaigh go leor baill foirne an deis cúrsaí Ardoideachais a dhéanamh ina gcuid ama féin faoin Scéim Aisíoc ar Tháillí.

Brainse na gCuntas

Tá Brainse na gCuntas Oifig na nOibreacha Poiblí freagrach as:

- Íocaíochtaí údaraithe a dhéanamh, an párolla agus éilimh ó chonraitheoirí go príomha,
- Taifeadadh, bainistíocht agus cuntasaíocht a dhéanamh ar acmhainní airgeadais na hOifige,
- Riachtanais Mheastacháin na hOifige a chur chun cinn go héifeachtach agus in am agus caiteachas a bhainistiú laistigh den leithdháileadh a vótáladh air,
- oimre a chur ar fáil don Aire agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta ar shaincheisteanna airgeadais.

Le linn na bliana 2004 cuireadh de thasc ar Bhrainse na gCuntas feidhmeanna airgeadais agus cuntasaíochta na Seirbhísí Oidhreachta a aistriú chuig Oifig na nOibreacha Poiblí. Áiríodh leis seo cainteanna fadálacha ar mhaoiniú agus ar phleanáil shonrach do lánpháirtiú iomlán neamhdhaingean an dá seit párollaí agus córais chuntasaíochta. Áiríodh chomh maith cur i bhfeidhm an Chórais ITP sna Seirbhísí Oidhreachta ónar theastaigh ón bhfoireann clár dian oiliúna a fháil ó Bhrainse na gCuntas.

Sa bhliain 2004 phróiseáil Brainse na gCuntas 33,000 ITP, 12,000 admháil, 6,000 éileamh ar chostais taistil, 3,500 íocaíocht cíosa agus d'íoc sé tuarastail agus pá 2,350 ball foirne. Ina theannta sin rinne sé bainistíocht ar chaiteachas vótálta agus neamh-vótálta de €537m ar an iomlán, admhálacha de €118m agus €41.7m in aisíocaíochtaí Iasachtaí Áitiúla.

Is é an tionscadal is mó a bheas idir lámha ag Brainse na gCuntas sa bhliain 2005 ná Córas nua Bainistíochta Airgeadais a chur i bhfeidhm mar chéad chuid den Fhrámaíocht Faisnéise Bainistíochta. Beidh freagracht ar Fhoireann Tionscadail a bheidh faoi stiúir Rannóg na Vótaí agus ar a n-áireofar ionadaithe ón Aonad Airgeadais agus ó Rannóg an Phárolla laistigh de Bhrainse na gCuntas do chomhordú, ullmhú agus cur i bhfeidhm Thionscadal an Chórais Bhainistíochta Airgeadais. Tá sé beartaithe chomh maith uasghrádú iomlán den chóras párolla Corepay a chur i bhfeidhm le linn na bliana 2005.

Seirbhís na Cuntasaíochta Bainistíochta

Bhí dlúthbhaint ag Seirbhís na Cuntasaíochta Bainistíochta le forbairt a dhéanamh ar thionscadal na Frámaíochta Faisnéise Bainistíochta le linn 2004. Rinneadh cuntais bhliantúla thréimhsiúla nó ráitis airgeadais do na Seirbhísí Ailtireachta, na Seirbhísí Soláthair, Farmleigh, Bainistíocht Ealaíne, na Seirbhísí Airgeadais agus na Lárcheardlanna Innealtóireachta. Tá freagracht ar Sheirbhís na Cuntasaíochta Bainistíochta chomh maith as Clár Sócmhainní Caipitil Oifig na nOibreacha Poiblí a thiomsú.

Iniúchadh Inmheánach

Rinne an tIniúchadh Inmheánach iniúchtaí ar gach Aonad Gnó agus gach Seirbhís Tacaíochta sa bhliain 2004.

Forbhreathnaíonn Coiste Iniúchta oibríocht fheidhm an iniúchta inmheánaigh san Oifig. Is baill sheachtracha beirt de na mbaill ar a n-áirítear an Chathaoir.

Grúpa Bainistíochta Ealaíne

Tá freagracht ar Ghrúpa Bainistíochta Ealaíne Oifig na nOibreacha Poiblí do bhainistíocht saothair ealaíne i mBailiúchán Ealaíne an Stáit atá suite i líon mór maoine ar fud na hÉireann. Áirítear leis an mbailiúchán seo saothair chomhaimseartha agus stairiúla ealaíne. Sa bhliain 2004 lean an Grúpa Bainistíochta Ealaíne ar aghaidh ag coimisiúnú agus ag ceannach saothair ealaíne do Ranna Cliaint faoin Scéim Rialtais:- Céatadán don Ealaín, d'fhonn tiomantas Oifig na nOibreacha Poiblí do chur i bhfeidhm iomlán éifeachtach na Scéime a léiriú.

Mór-riachtanas a bhaineann leis an Scéim Céatadáin don Ealaín ná gealltanas poiblí i leith saothar comhaimseartha ealaíne a chinntiú. Ceann de na bealaí ina ndéanann Oifig na nOibreacha Poiblí é sin ná tríd an taispeántas bliantúil Ealaín an Stáit a bhíonn ar chamchuairt. Le blianta beaga anuas d'oibrigh Oifig na nOibreacha Poiblí i gcomhpháirt le Roinn Airgeadais agus Pearsanra Thuaisceart Éireann, d'fhonn saothair ealaíne a bhí ceannaithe ag an dá eagraíocht a chur i láthair lucht féachana níos leithne. Ba Currents: An exhibition of recent acquisitions an teideal a bhí ar thaispeántas camchuairte na bliana 2004 ina raibh saothair ealaíne a ceannaíodh le blianta beaga anuas ar taispeáint. Thaistil sé ar fud na hÉireann, thuaidh agus theas: Dánlann Glebe, Mín an Labáin, Co. Dhún na nGall; Ionad Teicneolaíochta Bhiorra, Biorra, Co. Uíbh Fhailí; Mainistir Challain, Callain, Co. Chill Chainnigh; Leabharlann an Linen Hall, Béal Feirste; Amharclann an Mhargaidh agus an tIonad Ealaíon, Ard Mhacha; Gairmcholáiste Loch Garman;

Loch Garman; Oifigí Comhairle Ceantair, Léim an Mhadaidh, agus faoi dheireadh, an spás atrium i gCeanncheathrú Oifig na nOibreacha Poiblí. Ceannaíodh pictiúir agus grianghraif a bhí ar taispeáint ag Oifig na nOibreacha Poiblí faoin Scéim Céatadáin don Ealaín i gcomhair tionscadal nua tógála. Thug an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus Coimisiún na Státseirbhíse, i measc eagraíochta eile, ar iasacht go flaithiúil don taispeántas iad. Bhí catalóg ina raibh léaráidí de gach saothar ar fáil ag an taispeántas ina raibh sonraí ar gach ealaíontóir agus gach saothar ealaíne.

Rinne an Grúpa Bainistíochta Ealaíne bainistíocht ar thaispeántas d'ealaín chomhaimseartha na hÉireann i bhFoirgnimh an Rialtais ar son Roinn an Taoisigh mar chuid de ról Oifig na nOibreacha Poiblí le linn Uachtaránacht an AE. Thug Acadamh Ríoga na hÉireann, Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann, Dánlann Chathair Átha Cliath agus Bailiúchán Ealaíne an Stáit saothair ealaíne ar cíos. Eagraíodh taispeántas beag i bhFarmleigh de phortráidí agus de bhustaí portráide buaiteoirí Éireannacha den ghradam Nobel.

I Nollaig na bliana 2004 ghlac baill den Ghrúpa Bainistíochta Ealaíne páirt chomh maith i nGrúpa Comhordaithe Idir-Rannaigh na hEalaíne Poiblí ar a raibh an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta mar chathaoir agus foilsíodh Ealaín Phoiblí: Scéim Céatadáin don Ealaín, Treoirlínte Ginearálta Náisiúnta dá bharr.

Caisleán Ros Cré

Athbhreithniú Airgeadais 2004

Cúirt Emo, Co. Laois

Teach Palm

Clár Caiteachais

Taispeánann an tábla seo, ar bhonn cláir, gach caiteachas a bhainistigh Oifig na nOibreacha Poiblí sa bhliain 2004 (taispeántar figiúirí 2003 mar chomparáid). Áirítear leis sin cistí a tugadh go díreach d'Oifig na nOibreacha Poiblí de réir Vóta 10; cistí a riartar ar son na Roinne Airgeadais; agus caiteachas ar oibreacha agus ar sheirbhísí a bhainistigh Oifig na nOibreacha Poiblí agus ar íoc Ranna nó Gníomhaireachtaí eile Rialtais.

CAIPITEAL AGUS NEAMHCHAIPITEAL	TÁIRGIÚLACHT SHEALADACH €000	
	2003	2004
1. Seirbhísí Bainistíochta Maoine		
1.1 Ceannach suíomh agus foirgneamh	4,654	7,019
1.2 Cíos, rátaí agus araile	110,461	114,481
Iomlán an Chláir	115,115	121,500
2. Cothabháil Maoine		
2.1 Cothabháil, ábhar agus feistis	43,410	46,028
2.2 Breosla, leictreachas, uisce, ábhair ghlantacháin	12,949	13,496
2.3 Foireann tí an Uachtaráin	671	729
Iomlán an Chláir	57,030	60,253
3. Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal		
3.1 Clár Tógála	297,325	246,896
3.2 Faoiseamh ar Thuilte lena n-áirítear Cúnamh Daonna	20,837	18,421
3.3 Deontas do Chumann Zú-Eolaíochta na hÉireann	2,539	2,539
3.4 Deontas do Shéipéal Choláiste Mhaigh Nuad	0	750
3.5 Deontas d'Institiúid d'Éirinn, An Lubháin	750	1,000
3.6 Deontas d'Iontaobhas Sainchomharthaí Tíre na hÉireann	0	325
Iomlán an Chláir	321,451	269,931
4. Seirbhísí Innealtóireachta		
4.1 Suirbhéanna Draenála	909	933
4.2 Oibreacha Cothabhála - Costais chothabhála na scéimeanna críochnaithe	13,815	15,670
4.3 Seirbhísí do Roinn na Mara agus na nAcmhainní Nádúrtha	50	147
4.4 Ceannach gléasra agus innealra Innealtóireachta	699	764
4.5 Cothabháil gléasra agus innealra Innealtóireachta	1,763	1,935
4.6 Oibreacha Innealtóireachta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán	229	78
Iomlán an Chláir	17,465	19,527

	2003	2004
5 An Áisíneacht Soláthairtí Rialtais		
5.1 Clódóireacht agus Foilseacháin	20,132	22,638
5.2 Seirbhísí Ginearálta Soláthair	31,324	29,368
Iomlán an Chláir	51,456	52,006
6 Seirbhísí Oidhreachta1		
6.1 Maoine Stairiúla	-	21,093
6.2 Séadchomharthaí Náisiúnta	-	16,390
6.3 Seirbhísí Cuairteoirí	-	668
Iomlán an Chláir	-	38,151
7 Seirbhísí Corparáideacha		
7.1 Tuarastail, pánna agus liúntais	25,148	30,429
7.2 Taisteal agus Costais Mhaireachtála	1,384	1,783
7.3 Speansais Theagmhasacha	815	1,116
7.4 Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	999	1,212
7.5 Trealamh Oifige agus feistis eile oifige	2,494	3,170
7.6 Speansais áitreabh oifige	869	856
7.7 Seirbhísí Comhairleoirí	34	150
Iomlán an Chláir	31,743	38,716
8 Cistí a Bhainistigh Oifig na nOibreacha Poiblí ar son na Roinne Airgeadais		
8.1 Iasachtaí Áitiúla	43,575	41,724
Iomlán an Chláir	43,575	41,724
Iomlán na gCaiteachas Glan	637,835	641,808
Is féidir é seo a réiteach le caiteachas Vóta 10 mar a leanas:		
Asbhain:		
Cistí a bhainistigh Oifig na nOibreacha Poiblí ar son na Roinne Airgeadais	43,575	41,724
Oibreacha maoinithe ag Ranna Rialtais	107,340	82,483
Soláthairtí i gcomhair Ranna Rialtais	60,602	62,882
Iomlán	426,318	454,719

Ba €458,103,000 an leithdháileadh iomlán ar Vóta 10. Ba €19,996,841 iomlán Leithreasuithe i gCúnamh (admhálacha). Ba €3,507,355m iomlán glan na sabhála ar an Vóta.

1 *Aistríodh líon áirithe feidhmeanna i ndáil leis an Oidhreacht tógtha a rinne an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go hOifig na nOibreacha Poiblí sa bhliain 2004.*

Maoiniú na gClár

	2003	2004
1 Maoinithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí		
Vóta 10 (Comhlán)	426,318	454,719
Iomlán	426,318	454,719
2 Obair maoinithe ag Vótaí ó Ranna eile		
Oibreacha agus Seirbhísí Tógála		
An Roinn Oideachais	12,242	5,790
Oibreacha Éagsúla	75,002	54,572
Cíosanna Éagsúla	5,110	6,920
Oibreacha Cothabhála [1]	12,686	14,227
Seirbhísí do Roinn na Mara agus na nAcmhainní Nádúrtha [2]	50	147
Soláthairtí do Ranna Rialtais		
Clódóireacht agus Páipéarachais	16,317	18,511
Feithiclí Iompair	13,913	13,424
Troscán	7,280	8,853
Éadach agus araile	9,619	6,495
Fógraíocht	3,606	3,937
Fuinneamh	10,461	10,796
Ábhair Ghinearálta Ghlantacháin agus araile	1,656	1,693
Iomlán	167,942	145,365
3 Cistí a bhainistigh Oifig na nOibreacha Poiblí ar son na Roinne Airgeadais		
Iasachtaí Áitiúla [3]	43,575	41,724
Iomlán [4]	43,575	41,724

1. *Áirítear leo seo mionoibreacha cothabhála ar chóiríocht áitithe ag an Stát.*
2. *Don obair a rinneadh i gCalafort Bheann Éadair, Baile Chaisleán Bhéarra, na Cealla Beaga agus an Dún Mór Thoir.*
3. *Tá na Cistí seo á mbainistiú ar son na Roinne Airgeadais. Áirítear leo aisghabháil na n-íocaíochtaí iasachtaí ó údaráis áitiúla faoi dhó sa bhliain agus fuascailt luath iasachtaí.*
4. *Ina theannta sin dheimhnigh na Seirbhísí Ailtireachta íocaíocht na ndeontas spóirt lena mbaineann luach €89.5m don Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta sa bhliain 2004.*

Note: Is é polasaí Oifig na nOibreacha Poiblí sonraisc a phróiseáil gan mhoill. Ó 2/1/98 tá an Oifig seo ag feidhmiú de réir an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997.

Na Seirbhísí Ailtireachta

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2004

	€'000	2003 €'000	€'000	2004 €'000
Ioncam Barúlach Táille [1]		11,671		10,567
Caiteachas				
Costais Fostaíochta [2]	5,967		6,075	
Lársheirbhísí Tacaíochta [3]	1,637		1,714	
Cíos [4]	662		704	
Árachas [5]	350		317	
Dímheas	188		177	
Cumarsáid	81		89	
Costais Forbartha	54		76	
Costais Reatha Theicneolaíocht na Faisnéise	41		45	
Solas agus Teas	44		29	
		9,024		9,226
Barrachas Barúlach [6]		2,647		1,341

Nóta don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais

1. Ioncam Barúlach Táille. Measadh an t-ioncam barúlach táille trí úsáid a bhaint as scálaí an táille tráchtála ar lascaine 7.5% d'fhonn léiriú a thabhairt ar choinníollacha an mhargaidh reatha. Ní dhearnadh aon choigeartú d'fhonn:

(a) léiriú a thabhairt ar aon lascaine breise a d'fhéadfaí a cheadú do chustaiméirí dá gcuirtear seirbhísí fadtéarmacha thar líon áirithe tionscadal ar fáil; nó

(b) léiriú a thabhairt ar aon phréimh a d'fhéadfadh tarlú ar fhoráil seirbhísí speisialtóireachta.

2. Costais Fostaíochta. Ardaíodh costais iarbhír phinsin agus leasa shóisialaigh a tabhaíodh nuair ba chuí d'fhonn rátaí iníoctha ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach a léiriú. Ní dhearnadh aon athrú ar bhunleibhéil tuarastail chun léiriú a thabhairt ar scálaí reatha pá ná bónas an mhargaidh agus ar luachanna saothair eile a bhaineann le feidhmiúchán.

3. Lársheirbhísí Tacaíochta. Leithdháileadh costais tacaíochta ar bhonn líon na foirne mar chéatadán den fhoireann iomlán bhunaithe. Ardaíodh costais phinsin agus leasa shóisialaigh a tabhaíodh de réir nóta 2 thuas.

4. Cíos

	€'000
Iarbhír	38
Barúlach	666

Leithdháiltear cíos iarbhír bunaithe ar an limistéar a shealbhaítear mar chéatadán den spás iomlán a thugtar ar cíos. Meastar cíos bharúlach ag meán €32 an slat cearnach mar neastachán de rátaí reatha an mhargaidh ar mhaoine cosúla. Leithdháiltear an táille bharúlach ar bhonn an limistéir a shealbhaítear.

5. Árachas. Is táille bharúlach í árachas d'fhonn léiriú a thabhairt ar chostais ghairmiúla árachais slánaíochta a thabhódh cleachtadh san earnáil phríobháideach agus meastar é ar bhonn céatadáin (3%) d'ioncam barúlach táille.

6. Barrachas Barúlach. Ní léiríonn an barrachas barúlach líon áirithe na gcostas breise a thabhódh cleachtadh comhionann san earnáil phríobháideach ach nach féidir a mheas le dóthain cruinnis lena gcur san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais seo. Áirítear leis na costais seo, ach níl siad teoranta do, táillí dlíthiúla, costais mhargaíochta, siamsaíocht agus bainistíocht chaipitil oibre.

7. Taispeántar gach figiúr ioncaim agus caiteachais glan ar CBL.

Iontaobhas Chaisleán Bhaile an Bharóidigh

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2003

	2003 *(12 Mí)*	2004 *(9 Mí)*
Ioncam		
Ús Infhála [1]	6,350	6,753
Aisíoc ó Cháin Choinneála ar Ús Taisce [1]	1,051	–
	7,401	6,753
Speansais		
Táillí Dlíthiúla agus Cuntasaíochta	2,146	2,418
Táillí Cánach Tag: aisíoc ó Cháin Choinneála ar Ús Taisce	–	1,028
Scéim Scoláireachta Camper	5,000	3,809
Damhsa Chaisleán Bhaile an Bharóidigh	1,400	–
	8,546	7,255
Easnamh don bhliain	(1,145)	(502)

CLÁR COMHARDAITHE AG 31 NOLLAIG 2003

	31/12/2003 €	31/12/2002 €
Sócmhainní Reatha		
Féichiúnaithe [3]	–	1,548
Oifig na nOibreacha Poiblí – cuntas reatha [6]	2,831	–
Cuntas Taisce ACC [4]	257,333	262,832
	260,164	264,380
Fiachais Reatha		
Oifig na nOibreacha Poiblí – cuntas reatha [6]	–	465
Fabhraithe [5]	2,926	5,532
	2,926	5,997
Sócmhainní Reatha Glan	257,238	258,383
Léirithe ag Sócmhainní Reatha Glan		
Cuntas Caipitil	257,238	258,383

1. *Ioncam*

   Baineann ús infhála le hús a saothrú ar chuntas taisce ACC.

2. *Caiteachas*

   De réir théarmaí an léasa reatha le Campa Gang, tá gach eisíocaíocht Champa Gang lena n-áirítear cothabháil agus deisiúchán ar an gcaisleán faoi fhreagracht Champa Gang.

   Baineann íocaíocht na Scéime Scoláireachta Camper de €5,000 (2002: €3,809) le gealltanas an iontaobhais urraíocht de thréimhse cúig bliana a dhéanamh ar pháiste ag an gcampa ón mbliain 2003, ag costas iomlán de €25,000.

3. *Féichiúnaithe*	*31/12/2003*	*31/12/2002*
Suimeann dlite le híoc laistigh de bhliain amháin	*€*	*€*
Aisíoc iníoctha ag Bord Soláthar Leictreachais	–	1,548

Baineann an t-aisíoc ón mBord Soláthar Leictreachais le híocaíochtaí a rinneadh i leith soláthar leictreachais chuig Lóiste An Gheata Theas tar éis athlonnú Chlann Uí Dhonnchú i nDeireadh Fómhair na bliana 1998. Cuireadh suimeanna dá leithéid in aghaidh fabhraithe athlonnaithe sa bhliain 2003 (féach nóta 5).

4. *Cuntas Taisce Acc*

   Tá comhardú chuntas taisce bhanc ACC agus an ráiteas bainc ag réiteach le chéile mar atá 31 Nollaig 2003.

5. *Creidiúnaithe*	*31/12/2003*	*31/12/2002*
Suimeanna dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin	*€*	*€*
Ernst & Young:		
- Táille Cuntasaíochta	2,057	1,908
- Táille Cánach	–	1,028
Fabhrú Ginearálta	809	2,539
BSL	60	57
	2,926	*5,532*

Tá fabhrú na táille cuntasaíochta i ndáil le hullmhú an chuntais airgeadais don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2003.

6. *Baineann cuntas reatha Oifig na nOibreacha Poiblí €2,831 (2002: €465 ar chreidmheas) le suimeanna a bhí le híoc ag Oifig na nOibreacha Poiblí ag léiriú an chuntais reatha nó an cuntas "ar foluain" arna chothabháil ag Oifig na nOibreacha Poiblí.*

7. *Leanann Oifig na nOibreacha Poiblí dá tacaíocht d'Iontaobhas Chaisleán Bhaile an Bharóidigh i dtaca le caiteachas ar oibreacha caipitil, pá agus cothabháil. Tugadh na cuntais seo san áireamh i gcuntais an Rialtais.*

8. *Is do bhainistíocht an iontaobhais amháin a thagraíonn ráitis airgeadais Iontaobhas Chaisleán Bhaile an Bharóidigh. Ní dhéantar tagairt do shócmhainní (Caisleán Bhaile an Bharóidigh agus na tailte atá ina thimpeall), ar a ndéanann Oifig na nOibreacha Poiblí cothabháil, i ráitis airgeadais an iontaobhais de bharr gur gnóthaíodh iad gan aon chostas.*

Cúirt Emo

Gradaim Oifig na nOibreacha Poiblí 2004

2004



Carraig Phadraig

Gradaim Oifig na nOibreacha Poiblí 2004

TIONSCADAL/RANNÓG	SCÉIM NA NGRADAM	CLIANT/CLIAINT
An Rannóg Mheicniúil agus Leictreachais	Creidiúnú i gcomhair I.S. EN ISO 9001:2000	-
Garraithe Náisiúnta na Lus Athchóiriú Theach na Pailme	Gradam Bliantúil Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann 2004	-
Garraithe Náisiúnta na Lus Athchóiriú Theach na Pailme	Gradam Ailtireachta agus Tógála Oidhreachta Phlean Expo	-
Bainistiú Saoráidí: Farmleigh	An Gradam Barr Feabhais Seirbhíse ó Fáilte Éireann	-
Ionad Cuairteoirí Chluain Mhic Nóis	An Gradam Náisiúnta Barr Feabhais 2004 ó Thurais Idirnáisiúnta CIE	-

Ócáidí san Atrium Le Linn 2004

2004

Taispeántais Agus Ócáidí 2004 San Atrium, 51 Faiche Stiabhna

Ean/Feabhra 30ú – 27ú	Taispeántas Chumann Ailtireachta na hÉireann de Biennale Ailtireachta na Colóime
24ú Márta	Seoladh Leabhair – "Breaking Ground" Scéal William T. Mulvany
30ú Márta	Comhdháil Nuachta AE – Malairt idir Rialtais na hÉireann agus na Síne
Aibreán 5ú – 30ú	Duais Aontas na hEorpa d'Ailtireacht Chomhaimseartha – Gradam Miles van der Rohe
Bealtaine 3ú – 21ú	Taispeántas Miotaseolaíochta
Bealtaine 24ú	Gradaim Bhliantúla Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann
Meitheamh 1ch – 18ú	Tionscnamh Ealaíne Lundbeck – Camchuairt Dhomhanda na hEalaíne in aghaidh an Smáil
Meitheamh/lúil 21ú – 12ú	Taispeántas le hAmbasáid Phoblacht na Slóibhéine
Lúnasa 1ch– 31ú	Taispeántas le Mic Léinn na 3ú Bliana den Chéim sa Mhínealaín, An Institiúid Teicneolaíochta, Baile Átha Cliath
M Fómh/D Fómhair 17ú – 1ch	Tionscnamh Ealaíne Lundbeck 2004 Taispeántas Bliantúil Ealaíne
Deireadh Fómhair 9ú	Léirfheidhmiú Ceoil Chlasaicigh – Camchuairt Cheol Clasaiceach Fómhair Oifig na nOibreacha Poiblí i dTithe agus i nGairdíní Oidhreachta
Samhain 1ch – 14ú	Taispeántas: Dearadh do gach Duine
Nollaig 7ú – 7ú Eanáir '05	Taispeántas Ealaíne an Stáit "Currents"

Foireann agus Pearsanra Sinsearach 2004

Cluain Mhic Nóis

Staisiún na nGardaí Cósta,
An Trá Mór, Co. Port Láirge,

Foireann agus Pearsanra Sinsearach

Foireann Oifig na nOibreacha Poiblí mar a bhí ag an 31 Nollaig 2004

Aire Stáit agus Riarachán	360
Ailtireacht	152
Innealtóireacht	79
Eile	61
Gráid Oifig na nOibreacha Poiblí	1,296
Iomlán	1,948

Gairdíní Heywood,
Co. Laois

Pearsanra Sinsearach

Seán Benton
Cathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí

Seirbhísí Maoine
An Coimisinéir David Byers

Seirbhísí Bainistíochta Tionscadail
An Coimisinéir Clare McGrath

Seirbhísí Bainistíochta Maoine

Tom Costello
Príomh-Oifigeach

Paul Molloy
Príomh-Oifigeach

Seirbhísí Cothabhála Maoine

Des Thorpe
Ceann na Cothabhála

An tAonad Sláinte agus Sabháilteachta

Kevin Fleming
Príomh-Oifigeach Cúnta

Seirbhísí Oidhreachta

Dermot Burke
Stiúrthóir

Seirbhísí Ailtireachta

Michael O'Doherty
Stiúrthóir na Seirbhísí Ailtireachta

Liam Egan
Príomh-Ailtire Cúnta

Michael Haugh
Príomh-Ailtire Cúnta

Ciaran O'Connor
Príomh-Ailtire Cúnta

Klaus Unger
Príomh-Ailtire Cúnta

Finbar Wall
Príomh-Ailtire Cúnta

Pat Cooney
Príomh-Ailtire Cúnta

Seirbhísí Innealtóireachta

Tony Smyth
Stiúrthóir na Seirbhísí Innealtóireachta

Jim O'Sullivan
Príomh-Innealtóir Meicniúil agus Leictreach

Tom Sherlock
Príómh-Oifigeach

Tom Bolger
John Curtin
John Gallagher
Príomh-Innealtóir Cúnta

Seirbhísí Corparáideacha

Vincent Campbell
Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha

Seirbhísí Pearsanra agus Forbartha

June Thompson
Príomh-Oifigeach

An tAonad Eagraíochtúil, Saoráil Faisnéise, Seirbhísí Dlí

Seán Garvey
Príomh-Oifigeach

Bainistíocht Ealaíne

Pat Murphy
Comhairleoir Ealaíne

Jacquie Moore
Comhairleoir Ealaíne Cúnta

Bainistíocht Saoráidí

Liam Basquille
Príomh-Oifigeach

Mary Heffernan
Bainisteoir Ginearálta, Farmleigh

Tommy O'Shaughnessy
Bainisteoir Ginearálta, Caisleán Bhaile Átha Cliath

George Moir
Oifigeach Caidreamh Poiblí

Lorus Collum
Eileen Maher
Oifigigh um Chabhair d'Fhostaithe

Seirbhísí Airgeadais agus Áisíneacht Soláthairtí Rialtais

Joseph Farrell
Príomh-Oifigeach

Oifig na nOibreacha Poiblí

An Phríomhoifig

Oifig an Aire Stáit,
Oifig an Chathaoirligh,
Seirbhísí Corparáideacha,
Seirbhísí Bainistíochta Maoine,
Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal,
Seirbhísí Cothabhála Maoine,
Seirbhísí Ailtireachta,
Seirbhísí Innealtóireachta,

51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 647 6000
Lóghlao: 1890 213 414
Príomhuimhir Faics: (01) 661 0747
Suíomh gréasáin: www.opw.ie
Ríomhphost: info@opw.ie

Seirbhísí Oidhreachta

6/7 Plás Ely Uachtarach, Baile Átha Cliath 2
(01) 647 6000

Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2
(01) 411 7100

Suirbhéireacht Chainníochta, Cuntasóirí Gairmiúla

4 - 5 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2
(01) 647 6000

Draenáil Artaireach – Dearadh, Hidreolaíocht & Hidriméadrach, Innealtóireacht Struchtúrach

17-19 Sráid Hatch Íochtarach, Baile Átha Cliath 2
(01) 647 6000

Seirbhísí Airgeadais

Oifigí Rialtais, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh
(056) 7772600
Lóghlao 1890 213 424

Áisíneacht Soláthairtí Rialtais

51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2
(01) 647 6000
Lóghlao 1890 213 434

Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, Teach Sun Alliance, Sr. Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2
(01) 679 3515

Brainse an Troscáin

Bóthar Bhaile Uí Bheoláin, Rialto,
Baile Átha Cliath 8 (01) 453 1588

Cothabháil don Tógáil

Dún Uí Choileáin, Sr. na Binne Boirbe,
Baile Átha Cliath 7 (01) 702 8811

Ionad Comhdhála Chaisleán Bhaile Átha Cliath

Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2
(01) 679 3713

Farmleigh

Bóthar an Fhaoitigh, Caisleán Cnucha,
Baile Átha Cliath 15 (01) 815 5900

An Phríomhcheardlann Innealtóireachta

Bóthar Jamestown, Inse Chór, Baile Átha Cliath 8
(01) 453 4204

Cothabháil don Draenáila Artaireach

An Baile Nua, Baile Átha Troim, Co. na Mí
(046) 943 1352

Páirc an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú
(041) 685 3256

Baile Roibín, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí
(044) 48332

Ballycraine, Droichead an Chaisleáin,
Co. Loch Garman (053) 24181

Droim Biúir, Bóthar na Muinchille, Muineachán
(047) 83201

An tSráid Láir, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe
(093) 35456

Bóthar Bhéal Easa, Béal an Átha,
Co. Mhaigh Eo (096) 22065

Bóthar na Croiche, Leifear,
Co. Dhún na nGall (074) 914 1273

Baráiste Chomhla na Coiribe,
Teach na Comhla, Gaillimh (091) 563 097

Teach Theampall Mhungairit, Mungairit,
Luimneach (061) 227 139

Droichead na hInse, Lios Tuathail,
Co. Chiarraí (068) 21166

Cuan Chonnachta, Port Omna,
Co. na Gaillimhe (090) 974 1086

Foirgnimh Rialtais, Bóthar an Spá,
Trá Lí, Co. Chiarraí (066) 24479

Seirbhísí Hidreolaíochta & Hidriméadracha

Sráid na Beairice, Áth Luain, Co. na hIarmhí
(090) 649 2918

Bóthar Hebron, Cill Chainnigh (056) 777 2641

Páirc an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú
(041) 685 7992

Teach Theampall Mhungairit, Mungairit,
Co. Luimnigh (061) 227 139

Bóthar Bhéal Easa, Béal an Átha,
Co. Mhaigh Eo (096) 22065

Oifigí Réigiúnacha Ailtireachta

Teach Steward, Bóthar an Fhaoitigh,
Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15
(01) 812 8122

Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2
(01) 677 6106

Foirgnimh Rialtais, Bóthar San Alfansas,
Dún Dealgan, Co. Lú (042) 933 4221

2 Sráid an tSéipéil, Sligeach (071) 914 2202

Oifigí Rialtais, An Bóthar Ard, Leitir Ceanainn
(074) 912 1365

Sráid na Beairice, Áth Luain, Co. na hIarmhí
(090) 649 2087

13 Sráid Chaitríona, Port Láirge
(051) 874 134

Foirgnimh Rialtais, Port Laoise
(0502) 21133

Foirgnimh Rialtais, An tInbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin (0402) 32761

Foirgnimh Rialtais, Sr. Áine, Loch Garman
(053) 22470

14 Seanbhóthar na Carraige Duibhe, Corcaigh
(021) 496 6200

An Diméin, Cill Airne, Co. Chiarraí (064) 31028

2 Sráid Mhala, Luimneach (061) 313 500

Oifigí Rialtais, Dúrlas, Co. Thiobraid Árann
(0504) 21532

16 An Fhaiche Mhór, Gaillimh (091) 563 016

Bóthar an Phailliúin, Caisleán an Bharraigh,
Co. Mhaigh Eo (094) 902 1331

Iostaí na Seirbhísí Oidhreachta

Iosta Bhaile Átha an Rí, Bainisteoir na nOibreacha
Ceantair, Raithín, Baile Átha an Rí, Co. na
Gaillimhe (091) 844 084

Iosta Chill Chainnigh, Bainisteoir na nOibreacha
Ceantair, Eastát Tionsclaíoch Bhóthar Hebron, Cill
Chainnigh (056)7721813/1868

Iosta Chill Airne, Bainisteoir na nOibreacha
Ceantair, Caisleán an Rois, Cill Airne, Co. Chiarraí
(064) 33565

Iosta Mhala, Bainisteoir na nOibreacha Ceantair,
Mala, Co. Chorcaí (022) 42278

Iosta Dhroim Dhá Thiar, Bainisteoir na nOibreacha
Ceantair, Droim Dhá Thiar, Co. Liatroma
(071) 916 4186

Iosta Bhaile Átha Troim, Bainisteoir na nOibreacha
Ceantair, An Baile Nua, Baile Átha Troim, Co. na Mí
(046) 943 1452

Oifigí Oifig na nOibreacha Poiblí agus Láithreacha Oidhreachta

Oileán an Skeilig